Comhar

EAGRÁN 8 2017



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Tá COMHAR faoi chomaoin ag COGG as maoiniú a chur ar fáil don iris seo

Eagarfhocal

Fáilte chuig eagrán 8 de Comhar Óg agus mo mhíle buíochas leis na múinteoirí agus na mic léinn go léir a sheol dánta, scéalta agus ailt chugainn.
An bhliain seo caite agus Éirí Amach 1916 á chomóradh ar fud na tíre, rinne go leor grúpaí agus go leor eagrais éagsúla comórtais a reachtáil ar théama an Éirí Amach. Ina measc sin, bhí comórtas ag Údarás na Gaeltachta, ceann eile ag Comórtais Liteartha an Oireachtais, agus ceann ag Oireachtas Chois Fharraige ar an téama Cois Fharraige i gceann 50 bliain eile.
Sheol idir mhúinteoirí agus mhic léinn scéalta agus dánta iontacha chugainn - saothair a bhain duaiseanna, agus saothair eile a cuireadh isteach ar na comórtais sin.
An saothar a bhain le hÉirí Amach na Cásca bhraith mé go mbeadh sé beagáinín beag as dáta faoin am go dtiocfadh an chéad eagrán eile amach san fhómhar, agus dá bharr sin, tá go leor den saothar sin le léamh san eagrán seo de Comhar Óg.
Ar ndóigh, tá saothar ar ábhair eile le léamh anseo freisin ach - ceal spáis - bhí orm roinnt scéalta agus dánta a choinneáil siar le haghaidh Comhar Óg 9.
Mo leithscéal leis na scríbhneoirí sin – feicfidh sibh bhur saothar in eagrán an fhómhair.
Coinnigí oraibh ag scríobh agus coinnigí oraibh ag seoladh scéalta, dánta &rl chuig comharog@comhar.ie.
Chuirfimis fáilte freisin roimh phictiúir (dubh agus bán is fearr), roimh ghrianghraif, ailt agus stiallghreannáin freisin.

COMÓRTAS :
Má fhéachann sibh ar chlúdach cúil na hirise seo, feicfidh sibh stiallchartún nó stiallghreannán de chuid Aidan Courtney ó Coimicí Gael.
Ba bhreá linn scríbhneoirí agus ealaíontóirí óga a spreagadh chun an cineál sin oibre a dhéanamh.
Dá bharr sin tá duais á tairiscint againn don stiallghreannán nó don stiallchartún is fearr a sheoltar isteach chugainn don chéad eagrán eile.
Seolaigí iad chuig comharog@comhar.ie roimh an 5ú Meitheamh 2017.

Áine Ní Ghlinn (Eagarthóir)

Na Chúig Scór Bliain

Maidin Luan Cásca
I dtrátha an mheán lae
Sea chualas an réabadh
I bpríomhchathair na nGael.

Bhí pléascáin dom' bhodhradh
Is na raidhfil dá réir
Mo chroí bocht ar fuaidreamh
Le faitíos roimh philéir.


'Bíodh misneach agat, a mhaicín
Is ná bí ag olagón
Mar sin iad na hÓglaigh
Ag tabhairt dúshlán an choróin

Seachtain gan staonadh
De lá is d'oíche
Choinnigh siad tine
Le fórsaí Sheáin Bhuí

B'éigean dóibh géilleadh
D'ardaigh an Piarsach brat bán
Is mháirseáil siad faoi gharda
Go príosún Chill Maighneáin

Faoi bhréagríocht na cúirte
Seoladh iad chun báis
Ach las siad smeachóg na Saoirse

Is tháinig uirthi forfhás is bláth



Aoife Ní Loideáin
Scoil Phobail Mhic Dara, Carna, Co na Gaillimhe

(Bronnadh an chéad duais Réigiúnach agus an dara duais Náisiúnta, faoi 21, ar an saothar seo i gComórtas Liteartha Údarás na Gaeltachta Comóradh Céad Bliain Éirí Amach 1916)

Páraic Mhaicín

Bhí an oíche dubh dorcha
Agus na gasúir curtha a chodladh
Sciobtha ón gCrumpán i lár na hoíche
Chomh scanraithe, chomh faiteach a bhí sí riamh

Bhí Kate bocht ag caoineadh
Agus na gasúir ag scréachaíl
Tógtha a bhí sé
Gan mhíniú gan fáth

Gunnaí móra acu agus éadaí aisteacha
Dath garbh, donn
Sasanaigh cinnte
Bagrach, glórach, míthrócaireach

Trí lá a bhí sé imithe
Gan fios é a bheith marbh nó beo
Ach isteach tríd an doras a thit sé
Mo shin-sheanuncail Páraic Mhaicín

Orla Ní Dhuinnsléibhe
Scoil Phobail Mhic Dara, Carna
(Bronnadh an chéad duais Réigiúnach agus an dara duais Náisiúnta Gaeltachta, faoi 16, ar an saothar seo i gComórtas Liteartha Údarás na Gaeltachta Comóradh Céad Bliain Éirí Amach 1916)



Céad Bliain ina nDiaidh

Fós, tá ainmneacha a deirtear go ciúin
Na daoine a thug ár saoirse dúinn
Ní saighdiúirí a bhí iontu ach filí, óráidithe,
físithe lán le haislingí
A dhoirt a gcuid fola ar son ár saoirse

Lasadh tine an neamhspleáchais agus fonn
chun tír nua a chruthú
Ar na sráideanna, sna tithe, bhí borradh le mothú
Mar chuir seachtar laoch nach maireann
Athrú croí ar mhuintir na hÉireann

Marianne Ní Dhochartaigh
Coláiste Mhuire
(Bronnadh duais ar an dán seo i gComórtas Liteartha an Oireachtais, 2016)

Éirí Amach 1916

Éirí Amach na Cásca
Curtha ar ceal Dé Domhnaigh
Ar siúl arís Dé Luain

Teip
Díoltas
Bua


Éirí Amach
Saoirse isteach

Seán de Lapp
Coláiste Eoin, BÁC

Tá mé láidir

Tá mé daingean
I mo sheasamh fós
Taobh istigh díom
Tréimhsí misnigh na saighdiúirí
Tá mé i mo shiombail
d'oidhreacht na hÉireann
Blianta ina dhiaidh
I mo sheasamh leis na laochra
Tá mé láidir

Cé gur ionsaigh
Buamaí agus urchair mo bhlaosc
Chosain mé an fheoil istigh
Dóibhsean níl sa troid
Ach geataí ar oscailt
go hIfreann Naofa
Tá mé láidir



Jordan Corby
Coláiste Naomh Aibhistín, Dún Garbhán



Laochra Mhuigh-Inse

Nuair a chuimhníonn tú ar eachtraí 1916 céard a thagann isteach i do chloigeann? Is dóigh gurbh iad seachtar na Cásca nó Ard-Oifig an Phoist a thagann isteach i do cheann. Seans nach dtagann laochra Chondae an Chláir, Chondae Lú no laochra Chonamara isteach i do chuid smaointe. Bhuel, is i gcroílár Chonamara, i gceantar Charna a thosaíonn mo scéalsa.

Bhí an ghrian ag scalladh go hard sa spéir os cionn dhumhach Mhuigh-Inse an Luan Cásca sin i 1916. Bhí feirmeoirí an oileáin ag cur fataí le láí agus ag obair go dian dóibh féin. Lá breá farraige a bhí ann gan oiread is clabhta amháin le feiceáil sa spéir.

"Lá breá portaigh, a Shéamuis."

"Tá triomach inti, a Phatch."

"D'fhéadfá a rá."

Bhí an t-aer glan le boladh an chladaigh agus bhí amhrán na n-éan le cloisteáil ar fud an cheantair. Bláthanna an tSamhraidh ag fáil réidh lena gcloigeann a shá aníos.

Go tobann stop Cóilín den obair.

"Céard atá ort, a Chóilín?" a deir Séamus.

"An bhfeiceann sibhse é sin, an rud mór liath sin ag teacht anoir i ngar do Oileán Lachan?"

"Ní fheicimse tada, a Chóilín, tá mé chomh caoch le gandal," a dúirt Patch agus thosaigh na fir ag sciotaíl faoi.

"Caithfidh sé go bhfuil an aois ag teacht orm," a deir Cóilín "tá mé ag feiceáil rudaí, is dóigh."

Ar ais leis na fir ag obair arís go dtí gur airigh siad torann uafasach ard thíos i ngar don reilig.

"A Íosa Críost, breathnaigí air seo thíos," a scread Séamus.

"A Chóilin, bhí tú ceart!"

Agus ar ndóigh, bhí sé ceart. Bád mór millteach iarainn a bhí inti le piléir mhóra ag teacht amach aisti ag séideadh amach deatach tiubh bán. Ní fhaca na fir a leithéid de bhád ariamh ina saol. Bád chomh mór ná chomh láidir ní raibh le fáil thart anseo , ná fiú i ndug na Gaillimhe. Currachaí adhmaid a bhí i mórán chuile theach agus bhíodh corrchurrach canbháis as Árainn ag na rásaí currachaí Lá 'le Mhic Dara.

Fuair a gcuid fiosrachta an ceann is fearr orthu. Chaith siad uathu a gcuid lánta, rith siad trí gharrantaí agus thar chlaí go bhfeicfidís an bád mistéarach seo níos fearr. Déanadh dearmad glan ar an bhfeirmeoireacht, fágadh na fataí gan cur, fágadh na scioláin ar na hiomracha , an gadhar é fhéin, a bhí ina chodladh cois claí go dtí anois, ag tabhairt a aghaidh ar an gcladach.

"Ó, a Dhia, meas tú cé as a dtáinig sí seo," a d'fhiafraigh Patch agus gan puth anála fágtha ann.

"Diabhal fhios agam," a d'fhreagair Cóilín. "Ach tá sí breá láidir ar chuma ar bith."

Baineadh geit as na fir nuair a d'oscail doras mór trom amach ar an trá. Duine i ndiaidh duine, mháirseáil os cionn scór saighdiúirí amach ar an ngaineamh.

"Seachain, ar saighdiúirí Sasanacha iad, " a dúirt Patch i gcogar.

Chroith Séamus a chloigeann . "Ní dóigh liom é, níl an chulaith ceart orthu le bheith ina saighdiúirí corónacha."

« Éistigí leo ar feadh píosa. B'fhéidir go mbeadh muid in ann a dhéanamh amach cén teanga atá acu."



"Gearmáinis!" a scread Cóilín go tobann "Gearmáinis atá ann. Táim cinnte de."

Bhreathnaigh an bheirt eile ar a chéile agus d'ardaigh siad a gcuid malaí.

"Agus cén chaoi sa diabhal a bhfuil fhios agat é sin?" a deir Patch agus é ag magadh.

"Bhfuil dearmad déanta agaibh go raibh mise thall sa Fhrainc sna trinsí sa gCogadh. Bhíodh muid ag éisteacht thall leis na Gearmánaigh ag iarraidh a dhéanamh amach cén sórt plean a bhí acu agus nár phioc mé suas cúpla focal."

Suas go barr na duimhche a mháirseáil timpeall scór saighdiúirí. Cérbh iad fhéin? Cá raibh a n-aghaidh? Céard a bhí ag teastáil uathu anseo ar oileán beag in iarthar na hÉireann?

Fiú má rinne fir Mhuigh-Inse iarracht fanacht i bhfolach taobh thiar de mhaoilín gainimh is orthu a bhí na saighdiúiri ag déanamh.

"Tá muid réidh anois cinnte," arsa Séamus "níor fhoghlaim tú do dhóthain Gearmáinise sna trinsí, a Phatch, chun muid a shábháil."

Fear mór láidir le gruaig chatach, bhán a sheas chun tosaigh ar an scór. I mBéarla briste, d'fhiafraigh sé fios an bhealaigh go Cnoc Mordáin.

"Tá muid slán, buíochas le Mac Dé," a deir Patch "ach céard sa diabhal atá á dtabhairt go Cnoc Mordáin?" a deir sé i gcogar.

Seo mar a thug Séamus na treoracha don saighdiúir.

"Téigh trí mhíle go Baile Charna, cas ar dheis, ar aghaidh ar feadh sé mhíle fada, beidh tú sách tuirseach ansin, stop le haghaidh pionta Tigh Chadhain agus lean ort trí mhíle eile agus tá tú ann. Má fheiceann tú comhartha 'Ros Muc' tá tú imithe rófhada, a mhac."

"ROS MUC" a scread an Gearmánach.

Ba bheag nár thit an t-anam as Cóilín, Séamus agus Patch.

"Naimhde i Ros Muc!" a scread an Gearmánach i mBéarla briste.

"Ó, go sábhála Dia sinn," a deir Patch. "Saighdiúirí Shasana, na naimhde atá i gceist acu. Chuala mé go raibh siad ag tóraíocht Phádraig Mhic Phiarais i dtithe i Ros Cíde le gairid."

Thuig an saighdiúir mór go raibh eolas ag muintir Mhuigh-Inse faoi Ros Muc. D'iarr siad ar Phatch, ar Choilín agus ar Shéamus teacht leo. Ní raibh aon suim acu i mBlackie a bhí ina luí le cosa Chóilín. Greim a fháil ar shaighdiúiri na corónach agus iad a mharú a bhí uathu seo. Thosaigh faitíos ag teacht ar fhir Mhuigh-Inse. Dúirt siad go raibh an bealach rófhada acu le siúl. D'iarr siad carranna capaill a chur ar fáil dóibh.

"Déanfaidh muide rud ar bith don Phiarsach,"a deir Séamus.

Cúig charr capaill, dhá chapall breise, ochtar do mhuintir Mhuigh-Inse, scór saighdiúir Gearmánach agus Blackie a thug a n-aghaidh ar Chnoc Mordáin an Luan Cásca sin.

Dhá uair an chloig a thóg sé dreapadh suas go barr an chnoic. Bhí allas ag sileadh agus iad uilig spallta leis an tart, iad uilig ach an gadhar a chuaigh i bpoll portaigh ag iarraidh uisce.

Ach ba chuma leo mar bhí an radharc os cionn an chnoic níos áille ná aon áit eile ar domhan. Bhí an ceantar ón gCaiseal go Ros Muc le feiceáil acu, ó Charna go Leitir Mealláin agus fiú ón tSraith Salach go dtí Oileáin Árainn.

Bhí boladh breá úr fraoigh agus aitinn thuas ar bharr an chnoic agus ní raibh ach cúpla clabhta éadrom sa spéir.

"Tá fhios agam go bhfuil siad ag troid ar son ár dtíre, ach nach trua é go bhfuil mórán den tír uilig ag troid agus ag marú ar lá atá chomh suaimhneach," a dúirt Cóilín go diomúch.

"Nach bhfuil fhios agam, a Chóilín. Nach bhfuil fhios agam ach ag an am céanna caithfidh sé tarlú."

Sheas fir Mhuigh-Inse ar leataobh ag breathnú ar na saighdiúirí ag socrú suas na ngunnaí.

Go tobann tháinig beirt saighdiúir suas go dtí Cóilín, Séamus agus Patch.

"Seo!" a deir siad agus iad ag brú gunnaí móra míllteacha i lámha na bhfear. "Tá cúpla gunna le spáráil againn, b'fhearr iad a bheith in úsáid, nach gceapann sibh?"

"Fanaigí nóiméad anois, a bhuachaill. Fanaigi nóiméid!" arsa Patch. "Níl cliú againne cén chaoi iad seo a úsáid!, An bhfuil sibh craiceáilte?"

"Bhuel, níl ach bealach amháin le foghlaim. Anois ar aghaidh libh taobh thiar den chruach mhóna."

Agus thosaigh an pléascadh gunnaí. Lean sé ar aghaidh ar feadh trí huaire an chloig go leith go dtí gur ghéill an taobh Sasanach. Ar ndóigh, ní raibh an triúr ag caitheamh i dtreo Ros Muc ach ag caitheamh i dtreo na spéire agus ag leanúint sionnaigh fhiaine.

Ag deireadh na troda bhí ochtar saighdiúir Sasanach marbh ag na Gearmánaigh agus ag cúpla fear as Mhuigh-Inis. Bhí na cruacha móna déanta chomh tiubh ag muintir Loch an Aortha go raibh sé ag cinnt ar na hurchair dul tríothu.

Ní raibh blas fonn orthu barr an chnoic a fhágáil agus an ghrian ag dul síos ag dathú na spéire i ndathanna beoga oráiste, buí agus dearg. Muna raibh ceiliúradh acu an oíche sin! Chuaigh siad ar ais go Trá Mhór Mhuigh-Inse agus bhí an-oíche acu le damhsa, ceol agus tine chnáimh, ní raibh aon scéal faighte acu fós ar céard a thárla i gcathair Bhaile Áth Cliath.

An lá dár gcionn d'éirigh Cóilín, Patch agus Séamus breá luath le haghaidh an obair a bhí tosaithe acu an lá roimhe a chríochnú. Bhí fataí le cur. Shiúil siad síos an bóithrín cúng i dtreo na duimhche le lái agus spáid ina lámha acu. Bhí lá fada amach rompu ach ba chuma leo mar go raibh siad fós ag ceiliúradh an mhéid a tharla dóibh Luan Cásca.

"Níl mé ag feiceáil rudaí anois! Breathnaigí thíos ag na hiomairí," a deir Cóilín le gáire beag.

Bhí an scór saighdiúirí Gearmánacha ag fanacht leo in éadach oibre.

"Bhuel, cén chaoi a bhfuil sibh tar éis na hoíche?" a deir Séamus agus é ag sciotaíl gáire.

"Ach céard atá tagtha ortsa?" arsa Patch.

"Níl ann ach gur chur mé cúpla braon poitín i ngloineacha na saighdiúirí aréir!"

"An bhfuil do chloigeann caillte agat, a amadáin?" a dúirt Patch. É ag iarraidh a chuid gáire féin a choinneáil istigh.

"Tá muid iontach, go raibh maith agat. Ach tá tinneas cinn ar chuid acu agus níl muid in ann a dhéanamh amach cén chúis atá leis. Breathnaigh," a dúirt an ceannaire. "Tá muid thar a bheith buíoch as an gcúnamh a thug sibh dúinn inné



agus bhí muid ag iarraidh é sin a thaispeáint. Mar sin, tá muid chun cúnamh a thabhairt daoibh leis na fataí seo … nó cibé céard atá sibh ag cur."

"Tá sé chomh maith dúinn tosnú mar sin! a deir Cóilín.

Agus sin mar a chaith siad an lá ag múineadh do na Gearmánaigh cén chaoi fataí a chur, ag múineadh cúpla focal Gaeilge dóibh agus ag caint 's ag comhrá. Bhí lá suaimhneach acu go dtí gur thit an oíche, nuair a rith saighdiúir amháin amach as an mbád ag screadaíl.

"Caithfidh muid imeacht! Tá ceannairí an Éirí Amach tógtha ag na Sasanaigh agus tá fórsaí na Breataine ag éirí níos géire timpeall na tíre!"

Go scioptha rith chuile dhuine go dtí an bád agus bhí ar na Gearmánaigh slán a fhágáil ag Patch, Cóilín agus ag Séamus.

"Slán, a chomrádaithe, cloisfidh tú uainn arís!" a ghlaoigh an saighdiúir mór le gruaig chatach, bhán.

"Go n-éirí libh!"

Agus tugann sé sin muid go dtí deireadh ár scéil. Ní raibh na saighdiúirí ag magadh nuair a dúirt siad go gcloisfidís uathu arís. Chuile Cháisc ón lá sin amach fuair Cóilín, Patch agus Séamus litir sa phost óna gcairde nua Gearmánacha ag cur a dtuairisce. D'fhás agus d'fháisc an nasc idir fir Mhuigh-Inse agus na comhghuallaithe Géarmánacha agus níor chaill siad teagmháil lena chéile riamh.

D'fhás na fataí. Rinne Cóilín, Séamus agus Patch gaisce as an gceann is fearr a fháil ar na Sasanaigh. Labhrann siad cúpla focal Gearmáinise le chéile anois is arís ach ní thuigeann éinne iad ach iad féin agus uaireanta Blackie!

Bhí laochra 1916 i chuile chearn den tír, ó Chonamara go Baile Thomáis, ó Chlann na Caoilte go Béal Áth' Seannaigh agus is fiú cuimhneamh orthu inniu.

Síleagh Ní Ghríofa
Scoil Phobail Mhic Dara, Carna
(Bronnadh an chéad duais Réigiúnach & Náisiúnta Gaeltachta, faoi 16, ar an saothar seo i gComórtas Liteartha Údarás na



Éirí Amach na Cásca & an Bhanaltra Mhisniúil

Haigh. Is mise Elizabeth Ní Fhearghaíl agus tá mé chun scéal Éirí Amach 1916 - mar a chonaic mise é - a insint daoibh. Rugadh mé sa bhliain 1884. Bhí mé i mo bhall de Chumann na mBan.

Maidin fhuar a bhí ann agus ní raibh aon saighdiúirí Sasanacha ann mar bhí an Chéad Chogadh Domhanda ar siúl thar lear. Bhí an t-am ceart. Theastaigh uainn a bheith saor. Bhí Éire faoi chois ag na Sasanaigh leis na céadta bliain ach bhí éirí amach beag againn i 1798. Faraor, theip air. Bhí sé eagraithe ag seachtar fear go dtabharfaí 9,000 gunna agus 30,000 lón lámhaigh isteach sa tír. Bhí sé deacair ach d'éirigh leo.

Throideamar go dian an lá sin agus ní raibh na Sasanaigh réidh dúinn. Níor mhair an troid ach sé lá, áfach.

Ag ceithre nóiméad tar éis meán lae, Luan Cásca, an ceathrú lá is fiche de mhí Aibreáin, sheas Pádraig Mac Piarais ar chéimeanna Ard-Oifig an Phoist agus léigh sé amach Forógra na Poblachta. D'fhógair sé gur mhaith linn a bheith saor agus neamhspleách.

I measc cheannairí na réabhlóide bhí Pádraig Mac Piarais, Séamas Ó Conghaile, Tomás Ó Cléirigh, Seán Mac Diarmada agus Tomás Mac Donnchadha. Is cuimhin liom féin Pádraig nuair a bhí me óg agus é ag canadh Óró 'sé do Bheatha Abhaile.

Bhí mise ag cabhrú leis na sluaite daoine a bhí gortaithe.

Faoin am seo bhí Ard-Oifig an Phoist scriosta agus í ag titim as a chéile.

Bhíomar ag troid ó mhaidin go hoíche ar an Luan, arís ar an Máirt agus an gCéadaoin agus laethanta eile na seachtaine. Ach stop sé ar an Satharn sin. Ba mé féin an duine a d'ardaigh an brat géillte.

Mharaigh siad ár gcuid saighdiúirí. Ní féidir a shéanadh go raibh críoch thubaisteach leis an réabhlóid.

(Fuair Elizabeth O'Farrell bás i 1957)

Caoimhe de Paor
Coláiste Naomh Aibhistín, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge

Conamara i gceann Caoga Bliain

Muise ní féidir a rá céard a tharlóidh amárach
Ná bac le caoga bliain ó inniu.
B'fhéidir go mbeidh róbait i ngach áit,
Nó b'fhéidir nach mbeidh daoine ann fiú.

Tá súil agam go mbeidh an Ghaeilge ann
Nach mbásóidh sí go deo.
Tá súil agam go mbeidh post maith agam
I ndáiríre tá súil agam go mbeidh mé beo!

Eamonn Ó Laoire
Coláiste Cholmcille, Indreabhán, Co na Gaillimhe

Claíomh Uí Rathaille

Claíomh briste claonta, ina luí sa luaithreach
A hanla ag cromadh isteach i sruthán beag tanaí
Fuil agus ídéalachas ag rith idir scoilteanna na sráide
Súile chomh fuar leis an miotal ag stánadh
Ar rud ar bith seachas an t-anam aonarach os a gcomhair.
Fearthainn ag titim ar mhéara righne, a ngreim anois folamh
Bailithe suas agus caite i gcúl trucaile

Suíochán ársa folamh agus dearmadta
Feicfidh an claíomh foréigean arís
Conradh Breatanach, sínithe faoi bhrú
Fuil dearthóireacha scartha de bharr scarúna
Athmheasctha de bharr tragóide.
Ach anois tá sé ina luí, i bhfolús bosca gloine
Snasta agus glan
Chomh marbh leis na súile Éireannacha
Atá ag breathnú gan féachaint air.



Cal Franklin
Coláiste Naomh Aibhistín, Dún Garbhán

Cois Fharraige 2066

Is í an bhliain 2066 atá ann
Is tá chuile shórt athraithe
Tá carranna ag eitilt
Rothair ag imeacht astu féin
Is muide ar an bpinsean!
Tá an Ghaeilge beo fós
Tá cogadh núicléach ar bun
Go deimhin níl rudaí rómhaith!
Tá an téamh domhanda is critheanna talúin
Ag cur as dúinn
Tá an aimsir go dona
Tá traidisiúin áirithe imithe
Tá an scoil ag eitilt
Is piocann sí suas na páistí gach maidin.
Sin Cois Fharraige i 2066!

Diarmuid Ó Dugáin
Coláiste Cholmcille, Indreabhán, Co na Gaillimhe
(Bhuaigh an dán seo duais i gComortas Liteartha, Oireachtas Chois Fharraige)



Cois Fharraige, 2066

Ag smaoineamh siar ar an lá
A bhí muid amuigh ag spraoi
Ní raibh mórán ag cur isteach orainn
Nach orainn a bhí an t-ádh!

An méid atá tarlaithe
Ní bheidh sé mar a bhí
An saol curtha amú
Gan chuma, gan chaoi.

Ár dteanga, ár gcultúr
Imithe ar strae
Go bhfóire Dia orainn
Nach bocht an saol gan iad!

Ísha Ní Shuilleabháin
Coláiste Cholmcille, Indreabhán, Co na Gaillimhe



2066

2066 an bhliain is tá mé ar ais sa mbaile le seachtain, ach is é an chaoi a bhfuil sé ná nach bhfuil mórán den Chois Fharraige a gcuimhníonn mise air fanta.

Nuair a d'fhág mé Cois Fharraige tar éis an choláiste i nGaillimh, bhí an ceantar mar a chéile is a bhí sé is mé i mo ghasúr óg. D'fheicfeá neart garrantaí lán le beithigh nó capaill is bhí na ballaí ar thaobh an bhóthair déanta as cloch. Ba chuma cén siopa nó bialann a ndeachaigh tú isteach ann bhí aithne agat ar dhaoine a bhí ag obair ann nó chas tú ar dhuine éigin a raibh aithne agat orthu is tú ag siopadóireacht nó ag ithe. Agus rud eile - bhí neart Gaeilge le cloisteáil ó na daoine a bhí thart.


Ach anois agus mé sa mbaile tar éis caoga bliain ní cheapfainn gurb í an áit chéanna inar tógadh mé. Tá na garrantaí glasa imithe agus tá foirgnimh uafásacha mhóra tógtha os comhair radharc na farraige. Níl tú in ann oileáin Árainn a fheiceáil trasna an chuain.

Is ar éigean a chuala mé aon duine ag labhairt Gaeilge seachas na daoine a raibh mé ar scoil leo. Tá an oiread daoine tagtha isteach i gCois Fharraige ó thíortha eile is daoine ag triail a thaispeáint cén chaoi leis an teicneolaíocht nua-aimseartha a oibriú.

Níl fhios agam cén sórt Cois Fharraige a raibh mé ag súil leis. Ach ní raibh mé ag súil leis na bóithre seo atá dubh le carranna is lucht gnó ag ceapadh gur leo an áit.
Cé a cheapfadh caoga bliain ó shin gurb é seo a tharlódh do cheantar Gaeltachta traidisiúnta taobh amuigh den chathair mhór!

Shauna Spratt
Coláiste Cholmcille, Indreabhán, Co na Gaillimhe

An Chuairt



Dia dhaoibh, a ghasúra! Táim an-sásta a bheith anseo inniu. Is mise Mamó Hayley agus táim ag súil go mór lena insint daoibh sa rang seo faoin saol fadó.

Tá mise seasca a cúig anois agus tá go leor feicthe agam i mo shaol agus tá go leor scéalta agam, ach inniu táim anseo chun labhairt libh faoin mbliain 2016. Bhí mise cúig déag, ag tarraingt ar shé déag ag an am agus bhí mé san idirbhliain i gColáiste Cholmcille. Ag an am bhí comórtas ar siúl, comórtas scríbhneoireachta a bhí ann agus an bhliain seo, 2066, a bhí mar théama. Chuir mé féin agus gach duine sa rang isteach ar an gcomórtas. Ní cuimhin liom cé a bhuaigh an tríú háit nó an dara háit nó fiú an chéad cheann féin! Anois a ghasúra, seo sampla maith den chaoi a imíonn an chuimhne nuair a éiríonn tú sean!

Ar aon nós, scríobh muid uilig faoi 2066, ach i mbealaí difriúla. Mar shampla scríobh cuid againn faoi na héisc a bheadh ar thalamh agus muid inár gcónaí faoin talamh ach níl tada mar seo i gCois Fharraige inniu. Scríobh cuid eile faoi éisc ag teacht ar thalamh thirim agus an cogadh idir na daoine is na héisc chéanna. Scríobh mé féin faoi rudaí níos réadúla ná sin ach arís níor tharla na rudaí a luaigh mé agus b'fhéidir nach dtarlóidh go deo. Mar shampla scríobh mé nach mbeadh mórán daoine i gCois Fharraige ach bhí mé mícheart.

Ní raibh an méid daoine is atá anois i gCois Fharraige ann fadó agus an fáth leis seo ná an droichead idir seo agus Meiriceá ó Ros a' Mhíl. Nuair a bhí mise óg níor smaoinigh muid go dtarlódh seo ariamh agus dá mbeinn á shamhlú ní chreidfinn nach dtógfadh sé ach trí uair an chloig dul go tír na Yanks. Sin an t-achar céanna is a thógann sé dul as seo go Baile Átha Cliath! Nuair a bhí mise óg ní raibh an tollán faoi thalamh againn a thugann go Gaillimh tú in achar gearr ama. An uair sin bhíodh an trácht damanta ar an mbóthar.

Scríobh mé faoi rudaí a tharla freisin. Scríobh mé go mbeadh carranna in ann imeacht gan tiománaithe agus bhí mé cineál ceart faoi seo, mar roimh an mbliain 2042, nuair a fuair muid ar fad réidh leis na carranna mar gheall ar an téamh domhanda, bhí siad ag imeacht gan tiománaithe.

Scríobh mé freisin go mbeadh an Ghaeilge imithe as Cois Fharraige agus níor shamhlaigh mé ariamh go mbeadh an Ghaeilge mar cheann de na teangacha ba cháiliúla ar domhan agus nach iontach an scéal é sin.

Tá an eolaíocht athraithe go mór freisin. Nuair a bhí mise óg ghlaodh muid ar dhaoine ag úsáid gléas darbh ainm fón. Sin a bhíodh againne in áit an chip seo inár lámha. Fuair sibhse an chip nuair a rugadh sibh ach bhí mise ceathracha sé nuair a cuireadh ceann isteach dom, mar roimhe sin ní raibh a leithéid ann.

Rud eile atá athraithe ná an dearcadh atá againn ar na róbait. Nuair a bhí mise óg bhí cineál drogaill ar dhaoine rompu. Cheapamar go dtógfadh siad ár bpoist uile agus ag an am sin bhí poist gann. Ach anois tá fhios againn nach bhfuil aon dochar iontu agus nach bhfuil iontu ach cabhair dúinne leis an obair tí agus obair nach dtaitníonn linn a fháil déanta.

'Bhfuil tú ag casadh amhráin ansin, a stóirín?

B'fhéidir go mbeidh tú san Eurovision amach anseo! Nach maith is cuimhin liom an bhliain 2050, an chéad bhliain a chaill muid sa Eurovision céanna ó 2045! Ó, bhí cúig bliana maithe againn ansin ... ach táim imithe ar strae. An tseanaois, a ghasúra!

Ó, breathnaigh ar an am! Tá mise tar éis a bheith ag caint ar feadh rófhada agus caithfidh go bhfuil sibh tuirseach. Go raibh míle maith agaibh agus tá súil agam go mbeidh cuid agaibh anseo ag caint le bhur ngarchlanna faoi cheann caoga bliain eile.

Anois 'bhfuil scéilín ag aon duine agaibhse domsa?

Arianna Nic Dhonnacha
Coláiste Cholmcille, Indreabhán, Co na Gaillimhe
(Bhuaigh an scéal seo duais i gComórtas Liteartha, Oireachtas Chois Fharraige

Bosca Mór

Bosca mór
Lán le cuimhní
Olc is maith
Ach sin é an saol

Bain taitneamh as
Coimeád na cuimhní
A bhaineann leat féin
Agus le do shaol

Bosca mór álainn
Lán le grá
Le smaointe
Le cuimhní

Jack Mac Fhionnaile
Coláiste Eoin, BÁC

Maoinchiste

I mo mhaoinchiste
Déanaim athshamhlú
Ar na rudaí maithe
A tharla i mo chlann
A tharla le mo chairde
Smaointe faoi mo shaol féin

I mo mhaoinchiste
Cuirim cuimhní
Rudaí faoi mo shaol
Nuair a bhí mé i bponc
Nuair a bhí mé ar bharr an domhain
Smaointe faoi mo shaol féin

Seán Ó Ciaráin
Coláiste Eoin, BÁC

Mo Mhaoinchiste

Dá mbeinn in ann
maoinchiste a líonadh
Bheadh cuimhní soiléire, láidre ann
Cuimhní deasa, suaimhneacha
Ar mo shaol faoi lanseol
Chuirfinn i bhfolach é
In áit gan duine ná ceol

Séamus Ó Fiachna
Coláiste Eoin, BÁc

Doras an tSaoil

Doras órga, geal, gleoite
Seaneochair agus meirg uirthi
Osclaíodh an doras

Le feiceáil bhí
Mo shaol ar fad
Ó thús go deireadh

Oisín de Hál
Coláiste Eoin, BÁC

Maoinchiste

Tá bosca faoi mo leaba
Faoi phluid deannaigh
Lán le maoin an tsaoil

Is balla é an deannach
Leis an mhaoin a chosaint
Ó dheacrachtaí an domhain

Thóg sé na blianta fada
Chun an balla a chruthú
Chun an cuimhne a scrios

Ach i rith na tógála
Chailleas an mhaoin
Chailleas intinn an pháiste

Briseadh na ballaí
Tógadh ciste eile
Ciste bruscair

Fuaireas réidh leis an maoinchiste
Chun spás a dhéanamh
Don todhchaí

Maidhc Ó Mearáin
Coláiste Eoin, BÁC





Mé Féin agus mo Cheantar

Is mise Liam Ó hÓgáin. Táim trí bliana déag d'aois agus táim i mo chónaí i nDún Chaoin. Tá beirt deartháireacha agus beirt deirfiúracha agam. Is mise an dara duine is sine.

Is paróiste ana-dheas é Dún Chaoin. Tá cúpla oileán gar dó. 'Sé an Blascaod Mór an t-oileán is cáiliúla díobh. Tagann ana-chuid cuairteoirí ar cuairt go dtí an t-oileán i rith an tsamhraidh.

Tá caifé agus siopa beag potadóireachta sa pharóiste. Bíonn leabhair agus rudaí eile ar díol ann.

Tá Tráigh a' Choma i gCom Dhíneoil ana-dheas ach níl cead snámh ann mar tá na tonnta ana-dhainséarach.

Tá scoil amháin i nDún Chaoin, bunscoil cháiliúil darb ainm Scoil Dhún Chaoin. Bhíos ag freastal uirthi anuraidh ach táim ag freastal ar Phobalscoil Chorca Dhuibhne anois.

Níl aon chrainn i nDún Chaoin ach tá roinnt mhaith plandaí beaga ar nós fiúise agus feileastram dearg. Tá bóithrín beag taobh lem' thigh agus tá ualach sméara dubha ag fás ann.

Dheineas pióg leis na sméara.

Chuireamar prátaí san earrach agus bhaineamar sa bhFómhar iad. Ní rabhadar chomh mór agus a bhí na blianta eile ach bhíodar go breá.

Liam Ó hÓgáin
Pobalscoil Chorca Dhuibhne

Mise Katie Ní Bhriain.

Cónaím ar an Muiríoch, Baile na nGall, Trá Lí le mo Mham, mo Dhaid, mo dheartháir agus mo ghadhar, Lily.

Áit ana-dheas is ea í. Tá sé ciúin agus tá sé díreach in aice leis an dtrá. Bhog mé ó Luimneach go dtí an Muiríoch nuair a bhíos beag – ní raibh mé ach ceithre bliana d'aois. Bhí Luimneach ana-ghnóthach agus bhí daoine i ngach áit. Dá mbeadh an rogha agam fanacht ar an Muiríoch nó bogadh ar ais go Luimneach, d'fhanfainn ar an Muiríoch mar is breá liom é. Tá mo chairde go léir agus mo theaghlach ann.

Téim ag siúl le mo ghadhar, Lily gach lá. Is aoibhinn léi siúd an trá, chomh maith. Tá sí dhá bhliain d'aois. Is Bichon Frise í agus fuair mise agus mo dheartháir í i gcomhair ár lá breithe nuair a bhíomar dhá bhliain déag d'aois. Bhí sí ar cheann de na bronntanais is fearr a fuaireamar riamh.

Ben is ainm do mo dheartháir. Is cúpla sinn. Tá an breithlá céanna agamsa, ag mo dheartháir agus ag mo Dhaid.

Oibríonn mo Dhaid mar shiúinéir agus is príomhoide í mo Mham.

Tá súil agam go mbeidh ana-chuid blianta maithe againn inár gcónaí ar an Muiríoch agus is dóigh liom go mbeidh.

Katie Ní Bhriain
Pobalscoil Chorca Dhuibhne

Cónaím i gCiarraí Thiar le mo chlann

Is dóigh liom gurb í an áit is deise ar domhan í.

Tá a lán áiseanna timpeall na háite cosúil le hallaí spóirt, bunscoileanna, meánscoil, siopaí de gach saghas agus mar sin de. Imrím peil agus sacar agus is breá liom spórt.

Tá radhairc áille timpeall mo cheantair. Nuair atá tú ar bharr bhóthar na Conrach is féidir leat féachaint ar an Daingean.

Ní rómhinic a bhíonn an aimsir go maith ach nuair a bhíonn téim go dtí an trá agus bíonn sé go hálainn ar fad.

Tá feirm againn sa bhaile. Téim ag triall ar na ba gach oíche i gcomhair mo Dhaid agus cabhraím leis na ba a chrú.

Marc Ó Mainnín
Pobalscoil Chorca Dhuibhne

Ní neart go cur le chéile

Níl lá a théann thart anois nach mbíonn scéal éigin faoi Éirí Amach na Cásca sna meáin go léir. Is cnámh spairne é i measc óg agus aosta. Tá a lán mothúcháin agus tá tionchar polaitiúil ag baint le stair na hÉireann. Do ghaolta na bhfear a throid agus a rinne an tÉirí Amach a eagrú, is dócha go bhfuil meascán de mhothúcháin acu faoi Éirí Amach na Cásca - bród millteach, ach chomh maith leis sin tuigeann siad an costas tragóideach pearsanta.

Is maith le gach duine saoirse agus neamhspleáchas a bheith acu. Tá sé mar an gcéanna le náisiúin. Leis na céadta bliain, troideadh cathanna chun neamhspleáchas a bhaint amach ó thíortha eile. Is maith le daoine agus le náisiúin a mhothú go bhfuil siad ar comhchéim le daoine eile agus is maith le náisiún a bheith freagrach as a dtodhchaí féin.

I mbliana agus muid ag ceiliúradh Éirí Amach 1916, céad bliain ina dhiaidh, is fiú machnamh a dhéanamh ar rud amháin - An mbeadh na daoine a bhí i gceannas ar an Éirí Amach sásta le cúrsaí mar atá sa lá atá inniu ann? Inniu tá an Ghaeilge ag laghdú ar fud na tíre, an mbeidís sásta leis sin?

Ní dóigh liomsa go mbeadh ceannairí na Cásca róshásta leis an bpraiseach atá déanta don tír. Níl mórán smachta ag na polaiteoirí ar an tír ó tháinig an TROICA agus ceapaim féin go mbeadh an seachtar sínitheoirí ag casadh ina n-uaigh dá bhfeicfidís cúrsaí mar atá siad.

Ach ní féidir a shéanadh go mbeidís bródúil as an gceol agus an rince Gaelach atá againn inniu. Choimeádamar roinnt éigin den chultúr Éireannach. Tá na hamhráin réabhlóideacha go léir ar nós The Foggy Dew agus Grace agus a leithéid ar eolas ag madraí an bhóthair.

Ceapaim gur ceart agus gur cóir na daoine a bhí bainteach leis an Éirí Amach a cheiliúradh agus cuimhneamh orthu. Shantaíodar saoirse agus fíoradh an aisling sin! Ba cheart bród ollmhór a bheith orainn gur Éireannaigh sinn, agus ba cheart go mbeimis bródúil as na fir a throid ar son na ndaoine a bhí le teacht. Murach Éirí Amach na Cásca, bheadh Éire an-difriúil inniu. Níl aon dabht faoi sin.

Is uafásach an rud é, dar liom, nach bhfuil tuairim dá laghad ag daoine óga in Éirinn faoi thábhacht agus torthaí na n-imeachtaí móra a tharla ag tús na haoise seo caite. Ní mór níos mó eolais faoi a chur ar fáil.

Rug muintir na hÉireann ar neamhspleáchas, a bhuíochas sin d' Éirí Amach na Cásca. Ní rabhamar saor leis na céadta bliain. Ceapaim gur rud an-chróga ar fad é an rud a rinne na hÉireannaigh úd: Pádraig Mac Piarais, Éamonn Ceannt, Tomás Ó Cléirigh, Seán Mac Diarmada, Séamas Ó Conghaile, Tomás Mac Donnacha agus Seosamh Máire Pluincéad ina measc.

Thaispeáin Éirí Amach na Cásca dúinn go léir - má oibríonn gach éinne le chéile - gur féidir linn, mar náisiún, fadhb ar bith a shárú.

Mar a deir an seanfhocal - Ní neart go cur le chéile.

Caoimhe de Búrca
Coláiste Naomh Aibhistín, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge
(Bhuaigh an t-alt seo an chéad duais i gComórtas Liteartha 1916)

Éirí Amach na Cásca

Fir is Mná
An oileáin bhig
Seasamh le chéile
Ar cheart simplí

Na héin is na beacha
Ag dordán is ag canadh
Ag faire le chéile
Saighdiúirí ag máirseáil

Na réimsí is na hoibreacha,
Ag fanacht go foighneach
I dtost foirfe,
A bheith saor

Mná is Leanaí
Ag fanacht sa bhaile
I nguí is i ndóchas
Go mbeadh na ceannairí ar ais

An náisiún ar fad
Ag lorg rud amháin
An ceart a bheith saor
Ó fhulaingt an ghéibhinn

Fir is Mná
An oileáin bhródúil
Ag troid is ag fáil bháis
San Éirí Amach

Céad bliain ina dhiaidh
Na fir is na mná céanna
Ag ceiliúradh is ag comóradh
An deis a bheith saor

Darragh Mac Craith
Coláiste Naomh Aibhistín, Dún Garbhán





Neamhspleáchas

Tá Éirí Amach na Cásca an-speisialta do mhuintir na hÉireann. Theastaigh ón tír seo a bheith saor agus neamhspleách ar feadh i bhfad. Leis na céadta bliain, troideadh cathanna chun neamhspleáchas a fháil. Theastaigh ó na hÉireannaigh a bheith freagrach as a dtodhchaí agus as a gcinniúint féin.

Bhí Éire faoi chois ag na Sasanaigh leis na céadta bliain. Níor thaitin cultúr na hÉireann ná an Ghaeilge leis na Sasanaigh. B'fhuath leo an Creideamh Caitliceach agus theastaigh uathu an reiligiún a scriosadh. Bhí na Péindlíthe an-éagórach ar mhuintir na hÉireann. Cuireadh stop le daoine a bheith ag labhairt Gaeilge agus chuaigh a lán Éireannach go dtí tíortha eile. Bhog siad mar bhí Gorta Mór sa tír. Bhí ocras an domhain orthu agus fuair a lán daoine bás.

Bhí ceannairí ar Éire Amach na Cásca - mar shampla, Pádraig Mac Piarais, Séamus Ó Conghaile, Séamus Ó Cléirigh, Seán Mac Diarmada, Seosamh Pluincéad, Éamonn Ceannt agus Tomás Mac Donnchadha.

Thosaigh Éirí Amach na Cásca ar an 24 Aibreán 1916. Bhuail na daoine le chéile i lár Bhaile Átha Cliath. Bhí timpeall 1,200 duine ann. Chuaigh siad go dtí Oifig an Phoist. Bhí Pádraig Mac Piarais, Tomás Ó Cléirigh, Seán Mac Diarmada agus Seosamh Pluincéad ann freisin. Léigh Pádraig Mac Piarais an Fóróga. An lá sin, thosaigh Éirí Amach na Cásca. Ghlac siad seilbh ar a lán foirgneamh. Ach níorbh fhéidir leo Caisleán Bhaile Átha Cliath ná Coláiste na Tríonóide a ghabháil.

Ar 29 Aibreán 1916, stop an troid. Ghortaigh Séamus Ó Conghaile a rúitín. Scríobh Pádraig Mac Piarais nóta agus d'ordaigh sé sa nóta go stopfadh an troid. Sa deireadh, fuair 260 duine bás agus bhí 2,217 duine gortaithe. Fuair a lán ceannairí bás freisin.

Ar deireadh, tar éis na gcéadta bliain faoi smacht, fuair Éire neamhspleáchas.

Cáit Ní Rosach
Coláiste Naomh Aibhistín, Dún Garbhán

Roimh, i rith agus tar éis ...

Ba é naoi déag is a sé déag an dáta agus an bhliain
Bhí mé ag siúl síos an bóthar
in aice le hArd-Oifig an Phoist.
Ghlaoigh buachaill amháin amach
Tá nuachtáin ar díol anois anseo!

Ba é naoi déag is a sé déag an dáta agus an bhliain
Bhí an ghrian ag taitneamh go hard sa spéir
Bhí na héin ag canadh le gliondar agus le háthas
Bhí an abhainn ag rith amach chun na mara
agus bhí lá meala foirfe sa tír

Ba é naoi déag is a sé déag an dáta agus an bhliain
Go tobann, thosaigh gach duine ag rith
Bhí urchar gunnaí ag screadaíl
Bhí na páistí ag caoineadh
agus bhí ionadh agus faitíos ar gach duine

Ba é naoi déag is a sé déag an dáta agus an bhliain
Bhí deatach dubh ag dul suas
Bhí gach rud trí thine
Bí lámhach airtléire ag pléascadh
Bhí na mairbh ag dul chuig Dia

Ba é naoi déag is a sé déag an dáta agus an bhliain
Bhí na saighdiúirí ag troid
le crógacht agus le cinnteacht
Bhí Ard-Oifig an Phoist trí thine
Rith banaltra amháin amach le bratach bán

Is é dhá mhíle is a sé déag an dáta agus an bhliain
Ní dhéanfaidh an tír dearmad go deo
ar Éirí Amach na Cásca
Thug na sínitheoirí a mbeatha
ar son saoirse na hÉireann.

Adam Taylor
Coláiste Naomh Aibhistín, Dún Garbhán

Cois Fharraige 2066



Tar éis blianta
Ag iarraidh
Síocháin a bhaint amach
Theip orainn
Ní bhfuair muid 'riamh é

Cheap muid go mbeadh
An todhchaí níos fearr
Ach ní mar sin a bhí
Cogaí agus réabadh
Buamaí, troid
Galair agus bás
Ganntanas bia
Agus leighis
Ag guí i gcomhair na síochána
Saoirse 's grá

Ach scrios agus brón a tháinig
Shílfeá go mbeadh muid sábháilte
I gCois Fharraige, cois tine

Ach gach lá bíonn deatach sa spéir
Ag scriosadh na dtithe
Ag briseadh ár gcroíthe
Ár mbailte, ár síocháin

Iseult Ní Fhoighil
Coláiste Cholmcille, Indreabhán, Co na Gaillimhe

Tá muid ar fad faoi uisce
Is tá an seanchultúr briste
Tá mé seasca bliain níos sine
Is mo chnámha ar nós gloine.

Iarfhlaith Ó Maoileoin
Coláiste Cholmcille, Indreabhán, Co na Gaillimhe

Bean: Tá an t-am athraithe ó bhí muid óg.
Fear: Ó tá, níl sé mar a chéile níos mó.
Bean: Tá na carranna athraithe, an ceol, an faisean, an teilifís agus maidir leis na ríomhairí! Ní aithneofá anois iad! Is féidir leo gach rud a dhéanamh. Faraor nach raibh siad chomh maith nuair a bhí muid ag dul ar scoil.
Fear: Airím uaim na seanlaethanta, caithfidh mé a rá. Níl rudaí mar a bhí.
Bean: Ach breathnaigh ar an taobh eile de, tá an leigheas níos fearr is tá daoine ag maireachtáil i bhfad níos faide.
Fear: Ach nach gceapann tú go bhfuil rudaí imithe rófhada - carranna á dtiomáint féin is leis na róbait is na ríomhairí tá na daoine as obair?
Bean: Tá na seanjabanna traidisiúnta imithe de bharr obair na róbat ach tá jabanna eile ann – caithfidh duine éigin smacht a choinneáil ar na róbait céanna. Tá feabhas mór tagtha ar chúrsaí oideachais freisin.
Fear: Ní maith liom é.
Bean: Bhuel is maith liomsa é. Ar a laghad tá sé níos fearr ná mar a bhí!

Ísha Ní Shuilleabháin & Dayle Ó Curraoin
Coláiste Cholmcille, Indreabhán, Co na Gaillimhe

Céard a bhéas ag tarlú i gCois Fharraige caoga bliain ó inniu?
An mbeidh rudaí athraithe taobh amuigh is taobh istigh?
An mbeidh cúpla alien thíos ar an trá?
An mbeidh rudaí cothrom idir fir is mná?
Beidh Ollmhargadh na Seoigheach dúnta
Is siopa nua ann le róbait múinte.
Beidh mé ag éirí as mo chuid oibre is mé seaca is a sé
Is beidh mé ag tosú ag déanamh dearmad ar céard a rinne mé inné.
Beidh mo chuid gasúr ar fad fásta,
Tá súil agam go mbeidh muintir Chois Fharraige sásta,
Beidh an ceantar ag dul faoi uisce
Ní chuirfidh sé as domsa, mar beidh mé ar an bhfuisce!
Beidh lánaí rothaíochta nua timpeall na háite,
Beidh níos lú timpistí, sin atá ráite.
Beidh leigheas faighte ar ghalair atá ann,
Is beidh níos mó suaimhnis ag daoine is a gclann,
Tá súil agam go mbeidh an Ghaeilge fós beo,
Ach ní bheidh sí chomh maith is a bhí ag Daideo!
Ach an cheist is mó is mé seasca sé -
An mbeidh muid fós ag ól an tae?



Kiara Ní Dhugáin
Coláiste Cholmcille, Indreabhán, Co na Gaillimhe



MARKWICKHAM.ORG

Dúchas

Bhí cuma ait ar sheomra leapa Fhiona agus é folamh. Chaith Fiona súil timpeall an tseomra ar chodail sí ann chuile oíche fá choinne dhá bhliain is fiche. D'amharc Fiona ar a leaba. Ba í seo an áit ar phóg Conor í den chéad uair nuair a bhí siad ceithre bliana déag d'aois. Ba í seo an áit chomh maith ar chaith sí coicís ag caoineadh agus ag ithe seacláide ann nuair a bhris Conor suas léi sé bliana níos déanaí. D'amharc Fiona ar an ruga dubh agus bán a bhí i lár an tseomra. Bhí ciorcal glas le feiceáil ag coirnéal an ruga. Ba í seo an áit ar leag Fiona péint ghlas ar an ruga nuair a bhí sí seacht mbliana d'aois. Ba bheag nár dhúnmharaigh máthair Fhiona í nuair a chonaic sí an phéint doirte, chuir sé thar bharr a céille í. Ghlan máthair Fhiona an spota céanna arís agus arís eile ach ní raibh sí riamh in ann an phéint sin a bhaint den ruga.

Bhí na mílte cuimhneachán ag damhsa trí chuimhne Fhiona ag an mbomaite sin agus í ag breathnú ar sheomra a hóige, cuimhneacháin a raibh a fhios aici a bheadh i ndlúth agus in inneach a cuimhne go deo.

Chuala Fiona cnag ar an doras. A máthair a bhí ann agus bhí sí ag caoineadh, mar is gnách.

"A stór," a dúirt sí, a súile dallta ag deora, "Ní féidir leat mé a fhágáil. Impím ort fanacht anseo,"

Lig Fiona osna. Bhí an comhrá céanna seo aici lena máthair gach lá an samhradh sin tar éis di fógairt dá teaghlach go raibh sí ag bogadh go Meiriceá i mí Mheán Fómhair fá choinne post le hiris cháiliúil.

"A Mham," arsa Fiona go foighneach, ag breith greim láimhe ar a máthair, "Tá a fhios agat go bhfuil orm dul. Deis dochreidte atá ann. Tuigim go mbeidh sé deacair duit a bheith chomh fada sin ar shiúl uaim ach beidh mé abhaile arís don Nollaig. Geallaim duit freisin go gcuirfidh mé glaoch ort gach lá. Éireoidh tú tinn díom, beidh mé i dteagmháil leat an méid sin!"

"Ach, a stór, bhí mé ag smaoineamh air an oíche ar fad agus táim cinnte go mbeadh tú míshásta i Meiriceá," arsa a máthair.

"Cén fáth?" a d'fhiafraigh Fiona, í tinn tuirseach de dhiúltachas a máthar.

"Bhuel, i dtús báire, cén dóigh a mbeidh tú in ann maireachtáil gan tae?"

Ní raibh Fiona in ann cúl a choinneáil ar na gáirí.

"A Mham," arsa sí, "Táim lánchinnte de go bhfuil tae ar fáil i Meiriceá chomh maith."

"Bhuel, cad faoi do chuid Gaeilge? Ní bheidh duine ar bith in ann Gaeilge a labhairt thall ansin."

Bhain an cheist seo geit as Fiona. Cúis imní ab ea an Ghaeilge di. Cainteoir dúchais a bhí inti agus chaith sí níos mó ama ag labhairt i nGaeilge ná i mBéarla. Dá gcaillfeadh

sí a cuid Gaeilge, chaillfeadh sí cuid dá féiniúlacht chomh maith. Shocraigh sí, áfach, an imní seo a ligean amach mar ghreann.

"Bhuel, chuala mé go bhfuil beagáinín Gaeilge ag Michael Fassbender," arsa Fiona, "B'fhéidir go mbuailfidh mé leis i Hollywood agus beidh comhrá deas agam leis i nGaeilge."

Bhí máthair Fhiona idir bheith ag gáire agus ag gol go fóill agus í ag cuidiú lena hiníon a mála a dhúnadh agus a iompar síos staighre go dtí an carr. Shocraigh máthair Fhiona gan dul in éineacht léi go dtí an t-aerfort. Bhí a fhios aici go mbeadh sé i bhfad ródheacair di. Mar sin, thug sí barróg dá hiníon, a croí ag briseadh. Phóg Fiona a mháthair, a haghaidh báite le deora. Leis sin, léim sí isteach sa charr agus d'amharc sí ar a teach don am deireanach.

Tugadh an post d'athair Fhiona í a thiomáint. Duine tostach a bhí in athair Fhiona. Níor labhair sé seachas nuair a bhí rud tábhachtach le rá aige. Mar gheall air seo, ní raibh mórán cainte ann sa charr agus iad ar a mbealach go dtí an t-aerfort. Ní raibh mórán díomá ar Fhiona faoi seo, bhí sí ró-gnóthach ag caoineadh chun aird a thabhairt ar a hathair.

Nuair a shroich siad an t-aerfort, d'iompair athair Fhiona a mála isteach di. Chuaigh sé chomh fada léi agus a bhí cead aige. Ní raibh a fhios ag Fiona conas slán a rá leis. Bhí a hathair chomh cróga sin gur thug Fiona agus a dearthár, Oisín, an leasainm, Cú Chulainn dó. Ní raibh Fiona cinnte ar chaoin a hathair riamh ina shaol. Nuair a thiontaigh Fiona thart chun slán a fhágáil leis, áfach, chonaic sí go raibh a shúile ata le teann goil.

"A Dhaid," arsa Fiona agus í ar tí goil í féin, "Ná bí ag caoineadh! Is tú Cú Chulainn! Ní bhíonn Cú Chulainn ag caoineadh!"

Bhain seo gáire as. Go tobann, áfach, tháinig cuma dháiríre ar a aghaidh. Thug sé barróg dá iníon agus dúirt sé léi go ciúin,

"A linbh. Ná déan dearmad ar an áit as a dtáinig tú."

Chlaon Fiona a cheann mar fhreagra, a súile ina linnte deor. Leis sin, thug sí póg dá hathair agus ar aghaidh léi.

Agus í ag eitilt thar an Aigéan Atlantach, smaoinigh Fiona faoi fhocail a hathar. Thuig sí go huile is go hiomlán céard a bhí i gceist aige. Cé go raibh sí ag bogadh go tír nua, Éireannach a bheadh inti go deo. D'fhás sí suas in Éirinn, bhí a clann agus a cairde in Éirinn, rinneadh bean di ann. Bhí sé cosúil leis an bpéint ar an ruga. Ba chuma cé chomh dian is a dhéanfadh sí iarracht dearmad a dhéanamh ar a tír dhúchais, ní bheadh sí in ann fáil réidh leis as a croí le saol na saol.

Mar gheall air seo, nuair a stad fear Fiona ag an aerfort i Nua Eabhrac chun ceist a chur uirthi - "Anything to declare, m'am?"

"Fiona is ainm dom. Deas bualadh leat."

Chroith sí lámh leis an bhfear. D'amharc an fear uirthi, é ag ceapadh go raibh sí as a meabhair ach rinne Fiona neamhaird air. Shiúil Fiona ar aghaidh, a todhchaí iomlán os a comhair amach.

Méabh Ní Ruanaí, Gaillimh
(Bhuaigh an gearrscéal seo duais Oireachtais, 2016)

Sa Todhchaí.

Beidh mé i m'alien ag labhairt teanga aisteach
Beidh slán fágtha ag an nGaeilge
Is ag an mBéarla freisin
Beidh mé ag taisteal i gcarr eitilte
Mise coinnithe san aer ag ocsaigín
Ag breathnú síos ar skyscrapers
Ar shiopaí, scoileanna is árasáin
Nach í Cois Fharraige a bheidh athraithe
Lorg do láimhe ag oscailt doirse
Ní bheidh eochracha ná cloigíní
dorais ann a thuilleadh
Róbait sna scoileanna, sna siopaí, sna monarchain
Beidh daoine redundant, gan tada le déanamh!

Cian Ó Máille
Coláiste Cholmcille, Indreabhán, Co na Gaillimhe
(Bhuaigh an dán seo duais i gComórtas Liteartha, Oireachtas Chois Fharraige)





Cuimhní Cinn an tSeanduine

Táim sean anois, seasca a sé bliain d'aois, agus táim fós i mo chónaí anseo i gCois Fharraige.
D'fhág mé an áit ar feadh píosa nuair a bhí mé naoi mbliana déag, díreach tar éis na hArdteiste. Suas go Baile Átha Cliath a chuaigh mé chuig an gcoláiste.

Nuair a d'fhág mé í, b'áit álainn í Cois Fharraige. Bhí sé an-traidisiúnta agus fíorGhaelach. Bhí sé lán le ceol, damhsa agus scéalaíocht. Áit álainn, fháilteach a bhí ann agus cheap muid go mbeadh sé mar sin go deo.

Bhí fadhbanna móra sa domhan ag an am sin. Bhí ardú mór tagtha ar thruailliú in Éirinn agus bhí an poll a bhí déanta againn san ózón níos measa ná mar a bhí ariamh. Chomh maith leis sin bhí fadhb ollmhór le sceimhlitheoireacht, bhí ionsaithe á ndéanamh timpeall na cruinne chuile lá. Ach is é an rud é ná nár tuigeadh cé chomh dáiríre is a bhí na fadhbanna seo.

Nuair a bhí mé sa dara bliain sa choláiste d'athraigh chuile rud. Thuig rialtas na hÉireann nach raibh siad in ann luí siar gan tada a dhéanamh níos faide. Chuir siad dian-scéimeanna cosanta timpeallachta i bhfeidhm. Níor thaitin siad linn ar dtús mar gheall ar go raibh siad chomh dian ach bhí 'fhios againn go raibh na scéimeanna ag teastáil. Chomh maith leis sin, den chéad uair ariamh chuir siad arm na hÉireann ag troid in aghaidh na sceimhlitheoirí a bhí sa Bhreatain ag an am. Bhí cogadh fíochmhar ar siúl idir na sceimhlitheoirí agus fórsaí na Breataine. Ba chúis iontais do sceimhlitheoirí na hÉireannaigh - neodrach tráth - ag taobhú lena seannamhaid agus chabhraigh sé go mór leis na Breatanaigh fáil réidh le na sceimhlitheoirí as an tír ar feadh píosa. Bhí chuile dhuine cinnte go réiteodh sé sin an fhadhb ach narbh é a mhalairt ar fad a tharla!

Ar an 19ú Márta, 2021, tharla buamáil i gCo. Lú. Ionsaí sceimhlitheoireachta a bhí ann mar gheall ar go ndeachaigh Éire isteach sa troid. Díoltas! D'fhill mé féin ar Chois Fharraige ag an tráth seo. Ba chuma liom faoin gcoláiste, bheinn níos sábháilte in iarthar tíre, a cheap mé.

Bhí mé den tuairim nach mbeadh fadhbanna móra an tsaoil ródhona in áit chomh deas, síochánta le Cois Fharraige agus ar ndóigh, ní raibh siad chomh dona. Ach ansin thosaigh níos mó buamála ar an taobh thoir den tír agus ag deireadh na bliana 2022, bhagair na sceimhlitheoirí go mbainfeadh siad úsáid as buamaí núicléacha ar fud na hEorpa.

Thuig muid ansin cé chomh dáiríre is a bhí an fhadhb. Ba fhórsa ollmhór iad na sceimhlitheoirí agus bhí muid tar éis fearg a chur orthu. Anois agus iad ag dul i muinín airm núicligh, ní raibh muid sábháilte a thuilleadh.

Tháinig tromlach na ndaoine a bhí ina gcónaí ar an taobh thoir den tír isteach go Cúige Chonnacht, is go háirithe go Cois Fharraige, mar cheap siad go mbeadh siad níos sábháilte sa taobh seo tíre. Bhí ár n-áit dheas shíochánta plódaithe!

Ní raibh dóthain tithíochta do chuile dhuine. Bhí ar an rialtas árasáin a thógáil agus bhí siad chuile áit. Chaill feirmeoirí a gcuid garrantaí agus chaill muid ar fad ár radhairc áille agus spásanna oscailte. Ina n-áit fuair muid foirgnimh mhóra liatha. Bhí ár n-áitín álainn, pictiúrtha athraithe isteach ina cathair bheag!

Le níos mó daoine tháinig níos mó carranna agus i bhfad níos mó bruscair. Lig daoine i ndearmad na scéimeanna caomhnú timpeallachta. Chaith siad a gcuid bruscar ar fud na háite. Bhí sé le feiceáil ar na sráideanna, na tránna, sna haibhneacha, fiú. Níor chabhraigh na carranna nua leis an fhadhb ach oiread. Tar éis dhá bhliain den saol nua seo bhí Cois Fharraige faoi scamall dubh toitcheo. Bhí Cois Fharraige mar a bhíodh, imithe go deo, é plúchta faoi ollphéist na toitcheo agus bagairt na sceimhlitheoireachta ag drannadh leis.

Teresa Clifford
Coláiste Cholmcille, Indreabhán, Co na Gaillimhe
(Bhuaigh an scéal seo duais i gComórtas Liteartha, Oireachtas Chois Fharraige)

Éirí Amach na Cásca 1916 agus An Eaglais Chaitliceach

Bhíodh an Eaglais Chaitliceach curtha le réabhlóid. I rith an naoú haois déag bhí réabhlóid ag bagairt san Eoraip. Bhí an Cairdinéal Cullen, Ardeaspag Bhaile Átha Cliath, taobh thiar den cháineadh a rinne an Eaglais ar na Fíníní. Ag an gcéad Chomhairle Vatacánach sa Róimh i 1870, d'iarr easpaig na hÉireann go gcáinfeadh an Pápa iad freisin. Ag an am céanna, d'iarr Rialtas na Breataine ar an bPapa idirghabháil a dhéanamh.

Gach bliain, d'fhoilsíodh an náisiúnaí dúthrachtach, an tArdeaspag Breathnach ó Bhaile Átha Cliath, cáineadh ar na clubanna rúnda ina thréadlitir Charghais.

I mí Márta 1916 chuaigh an Cunta Pluincéid, athair Sheosaimh Pluincéid, isteach i mBráitheachas Poblachtach na hÉireann. Cuireadh é go dtí an Róimh chun an Pápa a chur ar an eolas faoin Éirí Amach. Mhaígh sé go raibh sé leis an bPápa ar feadh dhá uair an chloig. Dúirt sé gur choinnigh an Pápa air ag athrá "na fir bhochta, na fir bhochta" agus gur bheannaigh an Pápa an tÉirí Amach. Dúirt sé leis an bPápa go raibh ocht míle déag fear réidh chun troda. Chuir an Pápa comhairle air leis an Ardeaspag.

D'fhill an Cunta Pluincéid go hÉirinn ar Aoine an Chéasta. Níos déanaí, mhaígh sé go ndeachaigh sé i gcomhairle le cúigear easpag. Bhí sé sásta nár cháin aon cheann acu an tÉirí Amach. Ar Luan Cásca, chuaigh sé go Teach an Ardeaspaig chun é a chur ar an eolas faoin Éirí Amach. Labhair sé le Monsignor Curran, rúnaí an Ardeaspaig. Chuaigh Monsignor Curran go lár na cathrach chun eolas a fháil don Ardeaspag. Labhair sé le Pádraig Mac Piarais agus d'éist sé faoistín na gceannairí.

Ón 3ú go dtí 14ú lá de mhí Bealtaine, cuireadh ceithre cheannaire déag chun báis i bPríosún Chill Mhaighneann. Thug sagairt cuairt orthu go léir ina gcillíní. Ní bhfuair an chéad triúr a cuireadh chun báis, Pádraig Mac Piarais, Tomás Ó Cléirigh agus Tomás Mac Donnchadha, an ola dhéanach mar níor thug an ceannfort cead dóibh. Fuair na ceannairí eile go léir an ola dhéanach ó na Caipisínigh. Úsáideadh Halla an Athar Maitiú mar ospidéal i rith Sheachtain na Cásca. Chuaigh cúig cinn de na bráithre in éineacht leis na daoine a bhí ag iompar orduithe don sos cogaidh. D'fhreastail siad ar dhaoine i bPríosún Richmond, Príosún Chill Mhaighneann agus Caisleán Bhaile Átha Cliath.

Nuair a bhí an tÉirí Amach críochnaithe, chuir an Cairdinéal Logue, Ardeaspag Ard Mhacha, teileagram chuig an bPápa ag rá 'Ar an dea-uair, tá an t-éirí amach thart. Ghéill na ceannaircigh gan choiníoll. Tá súil agam go mbeidh an tsíocháin i réim arís'.

Thug sé sin pléisiúr don Phápa. Chorraigh na heachtraí é agus d'ordaigh sé do na heaspaig a rá le daoine a bheith dílis do Shasana. Bhí sagairt Éireannacha sa Róimh á mholadh as a chuid iarrachtaí tacú leis an rialtas d'fhonn an troid a thabhairt chun críche.

I mí an Mheithimh, bhunaigh an cliarlathas coiste chun ráiteas a eisiúint faoi dhearcadh na hEaglaise i leith Éirí Amach na Cásca. I mí Dheireadh Fómhair, áfach, shocraigh na heaspaig nach mbeadh sé ciallmhar é sin a dhéanamh mar gheall ar an míshuaimhneas sa tír.

Stiofán de Hindeberg
Coláiste Naomh Aibhistín, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge
(Bhuaigh an t-alt taighde seo an chéad duais (roinnte) i rannóg na Sóisear i gComórtas Liteartha 1916)



1916: Ar scáth a chéile

Ní féidir nuachtán a oscailt nó cnaipe na teilifíse a bhrú na laethanta seo gan scéal éigin faoi Éirí Amach na Cásca a fheiceáil. Táimid ag ceiliúradh 100 bliain ón Éirí Amach. Pléifidh mé an cheist chonspóideach: Nach bhfuil bród orainn go léir as a ndearnadh ar ár sonsa?

Ar an gcead dul síos, ba maith liom plé a dhéanamh ar chúlra stair na hÉireann. Bhí Éire faoi chois ag na Sasanaigh leis na céadta bliain. Cuireadh na Péindlíthe i bhfeidhm chun saol na gCaitliceach a dhéanamh chomh deacair maidir le haon rud a chuirfeadh féiniúlacht na tíre in iúl - an Ghaeilge agus an cultúr Gaelach, mar shampla. Is léir don dall go raibh na Sasanaigh mar naimhde againn ón gcéad lá riamh.

Is cuid thábhachtach dár stair í an tÉirí Amach. Is uafásach an scéal é, i mo thuairim, nach dtuigeann a lán daoine óga in Éirinn inniu tábhacht agus torthaí na n-imeachtaí móra a tharla i dtosach na haoise seo. Thug Éirí Amach na Cásca neamhspléachas polaitiúil dúinne. Gan aon agó, ní raibh muid saor leis na céadta bliain agus den chéad uair tugadh seans úr dúinn saol nua a cruthú don phobal Éireannach, a bhuíochas leis an Éirí Amach. Bliain i ndiaidh bliana, bhí rialtas na hÉireann ábalta an Ghaeilge agus cultúr na Gaeilge a chaomhnú sa Ghaeltacht agus ar fud na tíre i gcoitinne.

Anseo in Éirinn fós bíonn ceisteanna na hoidhreachta agus an náisiúnachais á bplé an t-am ar fad. Faraor, tá an t-oileán beag seo deighilte fós agus bíonn fadbhanna i dtuaisceart na hÉireann mar gheall ar thrioblóidí a tharlaíonn. Is maith le gach duine a bheith saor agus neamhspleách agus tá sé mar an gcéanna le hÉirinn. Is maith le muintir na hÉireann a mhothú go bhfuil siad ar comhchéim le daoine eile agus is maith leo a bheith freagrach as a dtodhchaí agus a gcinniúint féin. Mar a dúirt Pádraig Piarais: 'Tir gan teanga, tír gan anam.'

Níl aon dabht i m'intinn ach gur theastaigh ó Phádraig Mac Piarais agus Séamus Ó Conghaile (gan ach cúpla duine a lua) go gcuirfeadh Forógra Phoblacht na hÉireann deireadh le riail na Breataine in Éirinn. Nuair a léigh Pádraig amach é ag Ard-Oifig an Phoist, rinne sé rud an-chróga. Ní raibh tacaíocht acu fiú ón gcuid is mó de mhuintir na hÉireann ag an am ach leigh sé amach é ina ainneoin sin agus uile. Murach Éirí Amach na Cásca, bheadh Éire i bhfad níos difriúla inniu agus níl aon dabht faoi sin.

Ar an iomlán, thaispeáin Éirí Amach na Cásca dúinn go léir, má chuirimid uile le chéile, gur féidir linn mar thír, deacracht ar bith a shárú. Ní féidir a shéanadh gur fada an bóthar atá le taisteal againn sa tír seo ach mar a deir an seanfhocal: 'Faoi scáth a chéile a mhaireann na daoine.'

Ali Ní Dhomhnaill
Coláiste Naomh Aibhistín, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge

Tír gan teanga

Maidin dheas ghrianmhar a bhí ann ag deireadh an earraigh. Dhúisigh mé go luath agus bhí ardghiúmar orm. Luan Cásca a bhí ann agus ní raibh aon scoil agam. Ní raibh cíos, cás ná cathú orm. Bhí mé ar tí éirí ach go tobann chuala mé urchar agus pléascadh lasmuigh. Baineadh geit asam agus phreab mé i mo sheasamh. Rith mé le luas lasrach go dtí an fhuinneog agus d'fhéach mé amach go drogallach. Ba bheag nár thit mé i laige. Cad a bhí ann ach corp ar an tsráid! Ní raibh duine ná deoraí le feiscint san áit.

Bhí mé i m'aonar sa teach. Cad a bhí ar siúl? Faoi cheann cúpla soicind bhí me gléasta agus amach liom ar an tsráid. An raibh sé fós beo, an fear bocht seo sínte amach ar an talamh? Bhí fuil i ngach áit agus ní raibh sé ag bogadh ar chor ar bith. Chuala mé coiscéimeanna agus guthanna. Ghlaoigh mé amach ach freagra ní bhfuair mé ach macalla mo ghutha féin. Gan a thuilleadh moille chuaigh mé chun cabhair a fháil. Nuair a chas mé an cúinne, b'uafásach an radharc a chonaic mé. Bhí Sráid Uí Chonaill ina cíor thuathail. Ní raibh ach lasracha agus deatach le feiscint. D'fhan mé i mo staic. Bhí Ard-Oifig an Phoist trí thine agus bhí smionagar na pléisce ar fud na háite. Tháinig crith cos agus lámh orm. Níor chreid mé fianaise mo dhá shúl. Bhí daoine ag éalú ón áit. Bhí mé scanraithe i mo bheatha.

Ba ghearr gur chuala mé duine éigin ag béicíl 'An tÉirí Amach!'

Thuig mé ansin cad a bhí ag tarlú mar chuala mé mo Dhaid ag caint faoi. Bhí Éire faoi chois ag na Sasanaigh leis na céadta bliain agus i rith an ama sin, rinneadh a lán iarrachtaí chun cultúr na tíre a scriosadh. Ba léir go raibh an Réabhlóid tosaithe agus go raibh ceannairí na réabhlóide agus na fir chróga go léir ag troid ar son shaoirse na hÉireann. Bhí mo chroí ag preabadh i mo chliabh. Chuaigh mé ar foscadh taobh thiar de charn smionagair. Bhí bean in aice liom agus chuir mé ceist uirthi cad go díreach a tharla. D'inis sí dom gur léigh Pádraig Mac Piarais Forógra na Poblachta amach ar thairseach Ard-Oifig an Phoist agus gur chuir sé sin tús leis an Éirí Amach an Luan Cásca seo. Ansin chonaic mé bratach na hÉireann in airde ar an bhfoirgneamh. Bhraith mé an-bhródúil gur saoránach de chuid na hÉireann mé.

Mar a dúirt Pádraig Mac Piarais
Tír gan teanga, Tír gan anam.

Fiadh Ní Challaráin
Coláiste Naomh Aibhistín, Dún Garbhán



MARKWICKHAM.ORG

Cois Fharraige 2066

20ú Aibreán, 2066.

A Hazel, a chara,
Tá tú seasca a cúig inniu! Bhí mé i mo shuí anseo agus thosaigh mé ag smaoineamh siar ar mo shaol (do shaolsa freisin) go dtí seo. Is cuimhin liom neart blianta ó shin nuair a bhí muid san idirbhliain agus bhí orainn scríobh faoin saol a bheadh ann faoi cheann caoga nó seasca bliain. Ní cuimhin liom go díreach cé acu. Ní raibh muid ach thart ar cúig déag nó sé déag ag an am agus tá neart tarlaithe ó shin. Thosaigh mé ag smaoineamh ar na rudaí atá athraithe ó shin.

I dtús báire tharla an téamh domhanda sin a mbíodh an oiread faitís orainn roimhe. Bhuel níl an leac oighir uilig leáite ach m'anam tá i bhfad níos mó uisce thart ná mar a bhíodh. D'ardaigh leibhéal na farraige an oiread sin gur imigh cúpla trá. Ó sea! Tá siad imithe le fada anois. Tháinig an leibheál suas chomh hard sin gur tháinig sé chomh fada leis an tseanreilig a bhíodh trasna ón bpáirc pheile agus thit na coirp uilig a bhí sna huaigheanna díreach isteach sa bhfarraige. Thosaigh muintir Chois Fharraige ag tógáil "action" ansin, tá mé 'rá leat! Thosaigh daoine ag labhairt amach agus ansin chuaigh siad go TG4. (Tá sé fós ann, bail ó Dhia ar an eagraíocht. Ar ndóigh, níl na daoine céanna ag obair ann anois. Bheadh siad i bhfad róshean!)

Sea, thosaigh daoine ag labhairt amach anseo mar a dúirt mé, ansin thosaigh daoine eile ag labhairt amach agus leath sé chuig chuile chearn den tír. Thosaigh an oiread sin daoine ag labhairt amach go mb'éigean do gach tír ar domhan a gcuid rialacha a athrú faoi rudaí áirithe agus a bheith dáiríre faoin téamh domhanda.

Bhí ar gach tír na seancharranna a chaitheamh amach agus carranna nua a úsáid. Bhí na pleananna ag na comhlachtaí carranna ar feadh blianta roimhe seo le carranna a bheadh go maith don timpeallacht ach níor tháinig siad ar an margadh go raibh orthu iad a úsáid faoi dheireadh. Tá cuid acu an-fancy ar fad agus ní chaitheann daoine iad a thiomáint ar chor ar bith. Déanann róbait duit é! Níl ort ach an eochar a chur isteach, an áit a bhfuil tú ag iarraidh a dhul a phiocadh agus as go brách leat. Tógann an carr an bealach is scioptha i gcónaí agus déanann sé seiceáil ar an trácht roimh fhágáil. Ritheann siad ar uisce freisin - ná fiafraigh díom cén chaoi mar ní thuigim é ar chor ar bith, ach sin an bealach a bhfuil sé anois. Fuair mé ceann fancy dom féin - tá sé thar barr!

I ndiaidh don oiread sin daoine an tír a fhágáil blianta ó shin, thóg siad droichead mór millteach idir Ros a' Mhíl agus Meiriceá. Tá sé iontach agus tógann sé sé uair an chloig chun Washington DC a shroichint. Is féidir dul ar an mbóthar céanna agus casadh ar dheis leath uair sula sroicheann tú Washington agus tabharfaidh sé sin go Ceanada tú. Tá sé dochreidte!

Níl mórán creidimh i gCois Fharraige ach oiread níos mó. Níl na seandaoine, cosúil liom féin anois is dóigh, ag dul chuig an aifreann mar a bhíodh siad nuair a bhí mise óg. Bhí neart creidimh acu an t-am sin ach anois ní mórán a chreideann. Tá na seanséipéil fós ann ach is iarsmalanna stairiúla do thurasóirí anois iad.

Tá na scoileanna uilig sa gceantar go hálainn anois freisin. Tá siad galánta agus suas chun dáta. An bhunscoil a bhí i mbéal forbartha nuair a bhí muide óg, bhuel tá sí críochnaithe faoi dheireadh thiar thall. Tá halla breá acu agus róbait sna seomraí anois le cúnamh a thabhairt do na múinteoirí. Tá leabharlann líonta go béal le leabhra fíorshuimiúla. Bhí mé lagtha ag gáire an lá deireanach. Tá leabhar ann a thaispeáin duine de mo garchlann dom - rud eile a chuir na seanlaethanta i gcuimhne dom. "Cois Fharraige fadó an lá ó shin" an t-ainm a bhí ar an leabhar agus bhí sé scríofa faoin ré ar fhás mise is mo chairde suas ann. Tá leabhra ann freisin faoin gcogadh a bhí ann. Ní chreideann gasúir an méid a tharla!

Tá síocháin againn anois faoi dheireadh thiar. Mar nach bhfuil an méid céanna daoine gafa le creideamh is a bhíodh,



níl aon ghá ag daoine le cogadh. Is cuma linn agus faoi dheireadh tá síocháin againn. D'fhoghlaim muid cén chaoi le cinnidh a dhéanamh gan foréigean. Anois, bíonn conspóidí ann ó am go ham ach ní bhíonn cogaí. D'imigh a lán eachtrannach a bhí ina gcónaí i gCois Fharraige ar ais go dtí a dtíortha dúchais i ndiaidh na troda uilig, bhí siad an-deas ach b'fhearr leis an gcuid is mó acu dul ar ais go dtí a dtíortha dúchais. Cailleadh seantraidisiúin is seanbhealaí ach freisin glacadh le bealaí nua.

Stop an méid céanna daoine ag dul ar an bportach. Ní raibh an saghas sin fuinnimh ag teastáil a thuilleadh agus ní raibh am ag daoine é a ghearradh ar aon chaoi. Tá níos mó muillte gaoithe curtha ar na portaigh. Tagann neart fuinnimh uatha anois. Freisin úsáideann muid na tonnta is bealaí eile chun an fuinneamh atá ag teastáil a fháil. Tá sé iontach agus i bhfad níos fearr don timpeallacht.

Agus ar deireadh tá áthas an domhain orm a chur in iúl duit go bhfuil níos mó daoine ag labhairt na Gaeilge anois arís. Bhíodh an oiread turasóirí ag gearán nach raibh an Ghaeilge le cloisteáil agus go raibh sé sin uafásach mar gurb shin an fáth go dtáinig siad go Cois Fharraige ar an gcéad dul síos. Dá bharr sin rinne Gaillimh plean go labhródh gach duine Gaeilge agus bhí sé dochreidte an méid daoine a lean é! Ní cheapfá ariamh go mbeadh an Ghaeilge chomh láidir seo scór bliain ar aghaidh.

Ag caint ar phleananna tá mé sásta a rá nach mbíonn aon duine ag caitheamh tobac níos mó. Tá sé dochreidte! Níor cheap mé go stopfadh daoine go brách ach cuireadh stop leis, cé gur thóg sé thart ar fhiche a cúig bliain. Anois tá cúrsaí sláinte feabhsaithe go mór. Níl leath an méid daoine anois ag fulaingt le hailse scamhóg.

Bhuel, sin a bhfuil le rá agamsa leat anois faoin todhchaí atá romhat amach. Bain taitneamh as do shaol, a chailín bhig.
Le grá,
Hazel

Hazel Ní Chualáin
Coláiste Cholmcille, Indreabhán, Co na Gaillimhe
(Bhuaigh an litir seo duais i gComórtas Oireachtas Chois Fharraige, 2016)

Is olc an Ghaoth

Is olc an ghaoth nach séideann
do dhuine éigin,
mar lucht díolta bád sna tuilte
nó scáth fearthainne sa bháisteach.
Déanann daoine maitheas as na rudaí atá olc ar domhan.
Is olc an ghaoth nach séideann do dhuine éigin ann
mar ní féidir le gach duine a bheith brónach.
Beidh duine éigin ag déanamh maitheasa dó féin.
Beidh siad siúd i gcónaí ann.

Patrick Ó Coileáin
Pobalscoil Chorca Dhuibhne

Dorchadas

Mise do chosaint
Mise do chara
Mise do namhaid
Mise an saol
Mise an bás

Jack Ó Rodaigh, Breandán Ó Conaill, Breandán Ó Scanláin, Séamus Ó Domhnaill, Dónal Ó Nualláin
Coláiste Eoin, BÁC

An tEarrach

Dath glas ag teacht
ar ais ar na crainn,
crainn a bhí gan duilleog
ó thosach na bliana
ag fógairt an earraigh
is teacht na mbeach
is na bláthanna buí
ag gobadh aníos ón talamh
faoi dhuilleoga a thit ó na crainn
an fómhar seo caite.

Dath glas ag teacht
ar ais ar na crainn
is fuaimeanna binne ag teacht
ó na héanlaithe beaga.

Conor Ó Murchú
Pobalscoil Chorca Dhuibhne


Rugbaí

Chomh fliuch le báisteach
Chomh salach le muc
Chomh fuar le reoiteoir
Sin rugbaí

Gortaíonn na clibeaird
Ar an talamh chrua
Ach leanann tú ar aghaidh
Sin rugbaí

Ní stopann tú riamh
Leanann tú ar aghaidh
Ag imirt sa bhfuacht
Sin rugbaí

Fionn Ó Faoláin
Coláiste Eoin, BÁC



Scamall

Eitlím go mall tríd an spéir
Tugaim báisteach, uisce agus sneachta
Feicim na héin ag eitilt timpeall i rith an lae
Feicim eitleáin ag taisteal ó thír go tír san oíche

Gach lá feicim agus cloisim rud éigin nua
Is aoibhinn liom a bheith anseo sa spéir

Lucy Kirby
Gaelcholáiste Phort Láirge

An Spástointeálaí



Bím ag rothlú timpeall an domhain
Ag iompar spásairí
Feicim na scamaill go léir
Ag gluaiseacht thar na hoileáin
Ar fud an domhain ar fad
Cloisim na roicéid thíos fúm
Iad do mo ghluaiseacht timpeall an domhain

Jaic Ó Críodáin
Gaelcholáiste Phort Láirge

Cruthanna sa Spéir

Is mise an scamall
I mo luí sa spéir
Ag déanamh cruthanna díom féin
Is á ndéanamh go soiléir
Feicim páistí ag féachaint i mo threo
Iad ag rá "A Dhaidí! Féach ar an mbó!"

Jack Mac Gearailt
Gaelcholáiste Phort Láirge

An Spéir

Is mise an spéir
An fharraige bun os cionn
Rinne na scamaill mé
Ionas gur féidir liom
Iad a choimeád suas san aer

Ach ní féidir liom fanacht anseo go deo
Mar ghoid duine éigin an ghrian
Ní féidir liom na scamaill a choimeád suas anois
Titim mar bháisteach

Lily Ní Corcráin
Gaelcholáiste Phort Láirge

An Féar

Is mise an féar
Bím ag caoineadh nuair a sheasann daoine orm
Bím ag screadaíl nuair a itheann ainmhithe mé

Feicim na hamadáin a ghlaonn daoine orthu féin
Cloisim iad ag caint lena chéile
Lá éigin éireoidh mé amach

Maróidh mé na daoine
Maróidh mé na hainmhithe
Beidh an féar i gceannas

Conn Ó Gormáin
Coláiste Eoin, BÁC

Stoirm

Ainmhí mé
Ainmhí allta
Ní shilim deora
Cruthaím deora

Réabaim an domhan
Stróicim na crainn ar mo bhealach
Ag screadaíl
Le mo chroí reoite

Is meafar mé
Is diabhal mé
Is stoirm mé

Mel Ó Lorcáin
Coláiste Eoin, BÁC

Pian

Bróga scoile crochta in airde
Tagtha abhaile
Lá fada eile

Ar leac na fuinneoige
Pictiúr den chlann
Ní thuigeann siad mo phian

Nóta fágtha ag bun mo leapan
Feicfidh siad mo chorp
Crochta in airde

Oisín de Hál
Coláiste Eoin, BÁC

Scamall

Feicim eitleán ag rith tríd an aer
Feicim éan ag eitilt tríom
Feicim an poll a fhágann sé i mo chroí
Agus an t-éan imithe
Caoinim mar gheall ar an bpoll seo
Agus éirím níos lú
Níos lú
Go dtí go bhfuilim imithe

Breffiní Ní Chorráin
Gaelcholáiste Phort Láirge

Is breá le gach Préachán a Ghearrcach féin

In airde ar chrann
nead atá trína chéile,
istigh inti
tá dhá phréachán bheaga.

Tagann préachán eile
níos mó ná an dá ghearrcach
agus ina gob
tá piast.

Itheann siad í
ar luas lasrach.
Tá sí ann soicind amháin,
soicind eile, imithe.

Anois, tá siad lán
agus téann siad a chodladh,
an dá ghearrcach
neadaithe i gcoinne a máthar.

Maxim Ó Súilleabháin
Pobalscoil Chorca Dhuibhne

Is mise an Ghrian

Bím ag obair gach aon lá
Ach nuair a mhúchann an domhan an solas
Sula dtéann an domhan a codladh
Téim i bhfolach
Agus oibríonn an ghealach im' áit

Eoin Ó Conchubhair
Gaelcholáiste Phort Láirge

An Ceamara

Feicim daoine ag déanamh meangadh gáire
Feicim na híomhánna áille
Le clic beag amháin
Stopaim iad go deo

Katie Ní Dhonnaille
Gaelcholáiste Phort Láirge

Bailitheoir Focal

Ar dtús, maidir leis an teideal, bíonn m'inchinn an-ghnóthach. Uaireanta, caithim stopadh agus teacht thar n-ais chuige.

Ach nuair a fhaighim spreagadh ó rud ar bith, bím an-sásta. Ansin, caithfidh mé rogha a dhéanamh - an scéal, nó dán nó aiste é?

Is aoibhinn liom a bheith ag scríobh. Bainim úsáid as seanfhocail a bhíonn ag mo sheanathair.
Téim timpeall an tí ag bailiú focal.

Síomha Ní Ainiféin
Pobalscoil Chorca Dhuibhne

Dorchadas

Dubh
Dubh
Dubh
Bíonn sé dorcha san oíche

Dubh
Dubh
Dubh
Gach duine ina chodladh

Dubh
Dubh
Dubh
Tagann na réaltaí amach

Dubh
Dubh
Dubh
Gan scamall ar bith sa spéir

Dubh
Dubh
Dubh
Gach rud suaimhneach, séimh, síochánta

Dubh
Dubh
Dubh
Maraíonn an ghrian an dorchadas

Alex Binley
Coláiste Eoin, BÁC

Is cuma nó Muc

Is cuma nó muc, duine gan seift
duine gan phlean ná tuairim
ar cad a dhéanfaidís
dá rachadh rudaí bun os cionn
nó dá dtiocfadh uair na cinniúna.

Dá mbrisfidís pláta,
muga nó stól
bheidís chomh buartha
go n-iompóidís ar an ól.

Agus sin gan fiú trácht
a dhéanamh ar dá mbrisfidís an teilifís,
an ríomhaire nó an t-idirlíon.
Rachaidís i bhfolach faoin leaba
ag ligean orthu go rabhadar tinn.

Is tinne a bheidís dá ngeobhaidís amach
go bhfuil teilifíseán an-chostasach.

Padraig N Ó hAiniféin
Pobalscoil Chorca Dhuibhne

An Fharraige

Feicim na héisc
ag snámh le luas lasrach
Na clocha ag bogadh
Thíos faoi mo chosa
Cloisim an ghaoth
An ghaoth ag séideadh
Cloisim na daoine
Daoine ag baint taitnimh asam

Jade Keating Walsh
Gaelcholáiste Phort Láirge

Bosca Dúnta

Tá bosca i seomra an domhain
Saint oscailte
Meas ar an domhan dúnta
Eochracha caillte

Darach Ó Giolláin
Coláiste Eoin, BÁC



©SPORTSFILE

An Pheil Ghaelach: **Mo Ghrá agus Mo Chrá**

An Samhradh seo caite bhuaigh m'fhoireann peile an comórtas Féile. Comórtas náisiúnta é seo do bhuachaillí agus do chailíní faoi 14. Go bhfios dom, is mise an t-aon duine sa scoil a bhfuil bonn Chraobh na hÉireann aici. I mbliana bhuaigh m'fhoireann scoile sciath an chontae. Ach cé gur éachtaí móra iad na buanna sin, ní bhfaighimid an t-aitheantas ceart riamh.

"Cén fáth?" a deir tú.

Bhuel! Faraor, is cailíní muid. An míchumas is mó gur féidir bheith orainn. Deinadh baineann muid.

D'éirigh leis na buachaillí sinsireacha dul chomh fada le craobh an chontae i mbliana. Ar an drochuair, níor bhuaigh siad í, ach ar lá an chluiche, d'eagraigh an scoil busanna go dtí an pháirc imeartha. D'fhreastail na sluaite ar an gcluiche, mhaisigh daoine a n-aghaidh le péint i ndathanna na scoile. Bhí gach uile mhúinteoir i láthair.

Nuair a d'éirigh linne, na cailíní sinseareacha, dul chomh fada leis an gcraobh - ag an leibhéal díreach céanna - níor fhreastail ach múinteoir amháin agus na himreoirí uirthi. Ní raibh suim ag bainistíocht na scoile ionainn. Nuair a rinne mé gearán faoi ag am sosa, an lá ina dhiaidh sin, dúirt buachaill liom "Ní raibh ann ach na cailíní."

Dhún mé mo chlab. Thuig mé ansin nach raibh meas ceart ag na daltaí eile orainn, ar chailíní mar imreoirí.

Lá nó dhó ina dhiaidh sin, thuig mé nach i mo scoil amháin a bhí an dearcadh sin ag buachaillí ach go bhfuil an meon sin ar fud na tíre. Mar shampla, gach bliain osclaíonn dóirsí Pháirc Uí Chrócaigh do chomórtais craoibhe sna cluichí gaelacha. Anuraidh, ar an 20ú Meán Fómhair, d'fhreastail 82,300 duine ar an gcluiche ceannais sa pheil. Thaistil lucht leanúna Mhaigh Eo trasna na tíre chun tacaíocht a thabhairt dá bhfoireann. Bhí sé dodhéanta ticéad a fháil. Bhí na tithe tábhairne plódaithe le daoine. Bhí muintir na tíre ag féachaint ar an gcluiche ar a teilifíse agus ba bhródúil an lá é le bheith id' Éireannach.

Ach, a chara, thart ar an am céanna, bhí cluiche ceannais eile ar siúl. Bhí Baile Átha Cliath ag imirt arís. Bhí an aimsir go hiontach arís, ach ag an gcluiche craoibhe sin bhí na mílte suíochán folamh i bPáirc Uí Chrócaigh. Ní raibh an cluiche á thaispeáint go forleathan. Bhí an t-atmaisféar i bhfad níos ciúine.

Cén difríocht a bhí idir an dá cluiche? Cúrsaí inscne, ar ndóigh! Níl suim ag daoine i spóirt na mban ná - cé go ndéanann siad an traenáil céanna, cé go gcaitheann siad na dathanna céanna, cé go n-imríonn siad leis an mbród céanna - ní bhainfidh siad an clú agus an cháil chéanna amach go deo.

Ach caithfidh mé bheith cruinn. Níl éagothromas inscne i gCumann Lúthchleas Gael, toisc nach féidir ach le hinscne amháin bheith mar bhall de CLG. Is eagraíocht do fhir amháin é CLG. Ní féidir idirdhealú a dhéanamh idir fir agus mná laistigh d'eagraíocht muna ligtear isteach san eagraíocht iad sa chéad áit! Faoi láthair, is é Cumann Lúthchleas Gael an t-aon eagraíocht náisiúnta spóirt sa tír seo ina bhfuil bac iomlán ar mhná.

Má éiríonn le bean bonn a bhuachaint, ní bonn CLG a bhíonn ann ach bonn Chumann Pheil na mBan. Is eagraíochtaí difriúla iad, le bainistíocht dhifriúil agus rialacha difriúla. Tá cailíní agus buachaillí difriúil. Foghlaimíonn muid é sin agus muid sa bhunscoil. Ach foghlaimíonn gach páiste "go gcruthaítear chuile dhuine ar comhchéim". Más fíor sin, más fíor go bhfuil mé ar comhchéim le buachaill ar bith, cén fáth nach bhfuil sé sin le feiceáil i gCumann Lúthchleas Gael?

Agus an t-alt seo á scríobh agam, fiú, shiúil mo dheirfiúr óg, Gráinne, isteach sa seomra. D'fhiafraigh sí díom céard faoi a raibh mé ag scríobh. Mhínigh mé di - toisc gur rugadh mar chailín í - nach raibh cead aici bheith ina ball de Chumann Lúthchleas Gael ach go raibh uirthi bheith ina ball de Chumann Pheil na mBan. Stán sí orm le déistin.

"Ní bean mé, is peileadóir mé!".

Níl Gráinne ach naoi mbliana d'aois ach tuigeann sí rud nach féidir leis na saineolaithe peile uile a thuiscint. Níl áit don éagothroime sa lá atá inniu ann. Tá sé in am fáil réidh leis an gcosc ar mhná i gCumann Lúthchleas Gael.

Bunaíodh Cumann Lúthchleas Gael sa bhliain 1884, mar chuid d' Athbheochan na Gaeilge.

Bhuel, 2017 atá ann anois, agus molaim athbheochan nua. Athbheochan sa chomhionannas idir mná agus fir. Tá aisling agam - go dtiocfaidh lá ina mbeidh an meas céanna ar imreoirí peile baineanna is atá ar na fir. Tá aisling agam go mbeidh cead, cead bunúsach, ag m'iníonacha agus ag an gcéad ghlúin eile de chailíní bheith ina mball de Chumann Lúthchleas Gael. Tá aisling agam go mbeidh comhionannas ann i gcroí ár gcultúir, is é sin sa Pheil Ghaelach.



Caoimhe Ní Mhaolaí,
Gaelcholáiste Na Mara,
An t-Inbhear Mór, Co Chill Mhantáin



Cois Fharraige 2066

Ní raibh sé ach leathuair tar éis a cúig nuair a dhúisigh sí. Níor cheart d'aon duine a bheith ina dhúiseacht chomh luath seo. Ach ní fhéadfadh sí 'dhul ar ais a chodladh. Chas sí agus d'iompaigh sí. Bhí solas geal an lae a' scaladh isteach sa seomra agus na cuirtíní tarraingte siar. Ní raibh na cuirtíní sin oscailte cúpla nóiméad ó shin, an raibh? D'éirigh sí go drogallach len iad a dhúnadh arís. An uirthise a bhí sé nó an raibh an seomra i bhfad níos fuaire ná mar a bhíodh sé go hiondúil? Seans nach raibh ann ach an-tuirse. Bhí a cuid súl leathdhúnta aici, iad fós ag dul i gcleachtadh ar an solas, ach nuair a bhreathnaigh sí amach an fhuinneog chonaic sí rud éigin aisteach. An raibh sí ag feiceáil rudaí? Nó an raibh sé dáiríre ag cur sneachta?

"Sneachta!" a dúirt sí, focal nár úsáid sí rómhinic cheana. Is ar éigean gur chreid sí é. Ní fhéadfadh sé a bheith fíor. Choinnigh sí uirthi ag breathnú amach an fhuinneog, cinnte dá mbainfeadh sí a súile de ar feadh dhá soicind go mbeadh sé imithe. Bhí sé cosúil le radharc as ceann de na seanscannáin Nollag. Bhí an talamh bán gan lorg ar bith ach in áit in aice le cró na gcait, áit a raibh lorg coiscéime. Seans nach raibh ann ach Mama bailithe amach le beatha a thabhairt do na cait.

"Don chéad uair le tríocha bliain dhúisigh muid ar maidin le sneachta ar chuile thaobh dúinn." Bhí glór Bhernie i bhfad róbhorb le bheith ag éisteacht léi an chéad rud ar maidin agus í ag déanamh drochrud ar fad den sneachta!

D'athraigh sí an cainéal.

" Tá timpiste eile tar éis tarlú ar bhóthar Loch Chonn Iolra. Molann muid do dhaoine..."

Eile? Níor airigh sí glór Chathail chomh dáiríre sin ariamh agus ní raibh sí in ann cuimhneamh ar an uair dheiridh a bhí timpiste ar bhóithre na hÉireann. D'athraigh sí an cainéal go scioptha.

"Is ábhar imní é seo dúinn ar fad dár ndóigh ach impíonn muid ar dhaoine gan imní a bheith orthu"

Cé a lig don leibide de thaoiseach labhairt ar an raidió?

Gan imní a bheith orthu? A leithéid de sheafóid! Tá níos mó timpistí cairr tar éis tarlú le cúpla uair an chloig ná mar a bhí tarlaithe ann le tríocha bliain! Chas sí as an raidió le teann déistin.

Faoin am a ndeachaigh sí síos staighre, bhí a Mama ina suí roimpi agus tine lasta

aici. Mar sin féin bhí an seomra préachta. Chas sí an phluid timpeall ar a guaillí arís. Bhí an raidió ar siúl go híseal sa gcoirnéal aici.

"An gcaithfidh mé dul ar scoil inniu?" a d'fhiafraigh sí dá Mama agus í ag réiteach cupán tae don bheirt acu. Bhí dhá bhabhla leite ar an mbord cheana féin.

"B'fhearr duit fanacht sa mbaile. Ar bheathaigh tú na cait fós?" a d'fheagair sí, ag glacadh leis an gcupán tae.

"Cheap mé gur bheathaigh tusa iad?" Chuimhnigh sí ar na loirg coiscéimeanna a chonaic sí sa sneachta ar maidin. Chroith a Mama a cloigeann.

"Cuir ort cóta nuair a théann tú amach. Tá sé préachta taobh amuigh!"

"Tá an teach préachta!"

"Seo'd é fón Aoife. Níl mé in ann an fón a fhreagairt faoi

láthair. Fág teachtaireacht le do thoil."

Seans nach bhfeicfidh mé tú tráthnóna. Beidh mé ag obair sa ngaráiste thíos Tigh Neill go mbeidh sé deireanach. Go leor fadhbannna ag daoine lena gcuid carranna ... mar sin as ucht Dé ort ná húsáid do charr muna bhfuil sé práinneach, agus má tá tú á úsáid, ná húsáid an autopilot!"

"God! ní chreidim go gcaithfidh muid glaoch ar a chéile in áit a bheith ag téacsáil nó rud éigin..." a dúirt Laoise. Bhí an t-idirlíon thíos ar fud an domhain agus cheap sí go raibh sí ag dul as a meabhair. Céard a rinne daoine sula raibh idirlíon ann?

"Tá fhios agam! Cheapfá go rabhamar ar ais sa mheánaois!" Bhí sí in ann torainn aisteacha a chloisteáil ar an taobh eile den líne ach níor chuir sí ceist céard a bhí ann. Seans nach raibh ann ach locht ar an bhfón tí. Cén fáth a raibh a leithéid de rud fós sa teach ar aon nós?

"Ná habair é..."

"Ar chuala tú an nuacht? Níl ospidéal an Spidéil in ann níos mó othar a thógáil!"

"Ag magadh fúm atá tú? Ach is é ospidéal an Spidéil an t-ospidéal is mó i gCo. na Gaillimhe!"

"Nach bhfuil a fhios agam! Is ar éigean gur chreid mé é nuair a d'inis Máire dom é."

"Is dóigh go ndeachaigh sí isteach le tuilleadh cúnaimh a thabhairt dóibh?"

"Chuaigh... Tá imní orm fúithí. Níl na bóithre sábháilte faoi láthair."

"Beidh sí go breá."

Shiúil sí isteach sa seomra cruinnithe agus shuigh sí síos, deichniúr saineolaí eolaíochta agus cúrsaí aimsire ag faire uirthi. Ní dúirt sí tada agus rinne na saineolaithe chuile iarracht gan breathnú sa tsúil uirthi. Sa deireadh shocraigh sí go gcaithfeadh duine éigin labhairt.

"Cén chaoi sa diabhal gur tharla sé seo?" a dúirt sí i nglór ciúin. Ní raibh sí crosta ach bhí fhios ag chuile dhuine go raibh an Taoiseach i bhfad níos scanrúla nuair a bhí sí ciúin ná nuair a bhíodh sí crosta. Ach fós níor fhreagair aon duine í. Agus bhí sí ag éirí mífhoighneach.

"Bhuel?" Dhírigh sí an cheist ar an bhfear a bhí ina shuí ar a taobh dheis. Rinne sé casacht agus thosaigh sé ag útamáil trína chuid páipéir a bhí os a chomhair. Bhreathnaigh an dream eile air le measc de thrua agus áthais nárbh iad féin a roghnaigh sí.

"Ní fhéadfadh rud mar seo tarlú i ngan fhios dúinn," a dúirt sé i nglór íseal.

Freagra mícheart! Agus ón gcuma a bhí ar a chomhpháirtithe, bhí fhios acu freisin é. Dhún sé a chuid súl gus d'anáil sé amach go mall.

"Gabh mo leithscéal?" a dúirt sí i nglór níos ísle fós.

"Tá sé dodhéanta," a dúirt sé i nglór níos ísle fós.

"Céard a chiallaíonn sé sin?" a d'fhiafraigh sí den seomra uilig.

Ach ní bhfuair sí freagra. Ní raibh aon duine ag iarraidh a admháil nach raibh a fhios acu. D'fhág an Taoiseach an seomra.

Aifric Ní Scolaí
Coláiste Cholmcille, Indreabhán

Duilleoga

Crann briste
Samhradh imithe
Croí briste
Scoil oscailte
Duilleog briste

Duilleog ghlas
Duilleog bhuí
Donn agus glas
Ag séideadh
sa ghaoth

Feicim na duilleoga ildaite spéir
Iad ag titim ó na crainn go léir

Lorcán Ó Laighean
Coláiste Eoin, BÁC

Uisce

Domhan gan mise
Domhan gan saol
Domhan an bháis

Pádraig Ó Riain
Coláiste Eoin, BÁC

Oscailt

Osclaítear m'intinn
Osclaítear mo chroí
Cuirtear an eochair i bhfolach

Colm Ó Céirín
Coláiste Eoin, BÁC



Stiallchartún nó stiallghreannán de chuid Aidan Courtney, Coimicí Gael.

Comórtas:- *Má chuireann sibh stiallchartúin de bhur gcuid féin isteach chugainn, bronnfar duais ar an gceann is fearr agus foilseofar é sa chéad eagrán eile. Sprioclá: 5ú Meitheamh 2017*